**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*Suí iomlánach*

**A8-0115/2019**

28.2.2019

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí
(COM(2018)0472 – C8-0267/2018 – 2018/0250 (COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Monika Hohlmeier

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach.*** Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM BUISÉID....................................................................78

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ............................................................88

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ..................................................................................................89

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí (CSI)**
**(COM(2018)0472 – C8-0267/2018 – 2018/0250 (COD))**

**(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0472),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 82(1), d'Airteagal 84 agus d'Airteagal 87(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0267/2018),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus don tuairim ón gCoiste um Buiséid (A8-0115/2019),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is é atá i slándáil ***inmheánach a áirithiú, ar inniúlacht*** de chuid na mBallstát é, ***iarracht chomhroinnte*** ar cheart d'institiúidí an Aontais, gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais ***agus*** na Ballstáit rannchuidiú léi go comhpháirteach. Sa tréimhse 2015 go 2020, rinne an Coimisiún, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa sainmhíniú ar thosaíochtaí coiteanna mar a leagtar amach sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil in Aibreán 2015[10], a ndearna an Chomhairle iad a athdhearbhú sa Straitéis Athnuaite Slándála Inmheánaí i Meitheamh 2015[11] agus Parlaimint na hEorpa ina Rún in Iúil 2015[12] ***. Ba é an aidhm a bhí leis an straitéis chomhroinnte sin creat straitéiseach a chur ar fáil don obair i réimse na slándála inmheánaí ar leibhéal an Aontais agus sainmhíníodh inti na príomhthosaíochtaí gníomhaíochta chun freagairt éifeachtach ón Aontas do bhagairtí slándála á áirithiú don tréimhse 2015-2020***, eadhon ***dul i ngleic leis*** an sceimhlitheoireacht agus an radacú a chosc, cur isteach ar an gcoireacht eagraithe ***agus*** an chibearchoireacht a chomhrac. | (1) ***Cé go bhfuil an*** tslándáil ***náisiúnta*** ina hinniúlacht de chuid na mBallstát ***i gcónaí*** agus ***díobh siúd amháin***, ***tá comhar agus comhordú ar leibhéal an Aontais de dhíth le gur féidir í a chosaint***. ***Is comhghnóthas í an tslándáil inmheánach*** ar cheart d'institiúidí AE, do ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus do na Ballstáit***, le cabhair ón earnáil phríobháideach agus ón tsochaí shibhialta,*** rannchuidiú leis go comhpháirteach. Sa tréimhse 2015 go 2020, rinne an Coimisiún, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa sainmhíniú ar thosaíochtaí coiteanna mar a leagtar amach sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil in Aibreán 2015[10], a ndearna an Chomhairle iad a athdhearbhú sa Straitéis Athnuaite Slándála Inmheánaí i Meitheamh 2015[11] agus Parlaimint na hEorpa ina Rún in Iúil 2015[12], eadhon sceimhlitheoireacht ***a chosc agus a chomhrac agus*** an radacú a chosc, ***lena n-áirítear radacú ar líne, agus antoisceachas an fhoréigin, éadulaingt agus idirdhealú,*** cuir isteach ar choireacht eagraithe agus an chibearchoireacht a chomhrac. |
| [10] COM(2015) 185 final an 28 Aibreán 2015. | [10] COM(2015) 185 final an 28 Aibreán 2015. |
| [11] Conclúidí ón gComhairle an 16 Meitheamh 2015 maidir le Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020. | [11] Conclúidí ón gComhairle an 16 Meitheamh 2015 maidir le Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020. |
| [12] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2015 faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis | [12] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2015 faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis |

an tSlándáil (2015/2697(RSP)).

an tSlándáil (2015/2697(RSP)).

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) I nDearbhú na Róimhe arna shíniú an 25 ***Meán Fómhair*** 2017, dhearbhaigh ceannairí 27 mBallstát a ndiongbháilteacht i ndáil le hEoraip shábháilte agus shlán agus i ndáil le hAontas a chruthú, ar Aontas é ina mothóidh na saoránaigh go léir sábháilte agus ina bhféadfaidh siad gluaiseacht faoi shaoirse, ina mbeidh na teorainneacha seachtracha daingnithe agus a mbeidh beartas imirce aige a bheidh éifeachtúil, freagrach agus inbhuanaithe, lena n-urramófar noirm idirnáisiúnta, chomh maith le hEoraip atá meáite ar an sceimhlitheoireacht agus ar an gcoireacht eagraithe a chomhrac. | (2) I nDearbhú na Róimhe arna shíniú an 25 ***Márta*** 2017, dhearbhaigh ceannairí 27 mBallstát***, an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach*** a ndiongbháilteacht i ndáil le hEoraip shábháilte agus shlán agus i ndáil le hAontas a chruthú, arb Aontas é ina mothódh na saoránaigh go léir sábháilte agus ina bhféadfaidís gluaiseacht faoi shaoirse, ina mbeadh na teorainneacha seachtracha daingnithe agus a mbeadh beartas imirce aige a bheadh éifeachtúil, freagrach agus inbhuanaithe, lena n-urramófaí noirm idirnáisiúnta, chomh maith le hEoraip atá meáite ar an sceimhlitheoireacht agus ar an gcoireacht eagraithe a chomhrac. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Chun an cuspóir seo a bhaint amach, ní mór beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun daoine ***agus earraí*** a chosaint ar bhagairtí atá níos trasnáisiúnta ina gcineál i gcónaí agus chun tacú leis an obair a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát. Bíonn an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe agus an choireacht eagraithe, an choireacht ghluaisteach, an gháinneáil ar dhrugaí, an t-éilliú, an chibearchoireacht, an gháinneáil ar dhaoine ***agus ar airm***, inter alia, ina ndúshláin i gcónaí maidir le | (5) Chun an cuspóir seo a bhaint amach, ní mór gníomhaíochtaí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun daoine***, spásanna poiblí agus bonneagar ríthábhachtach*** agus earraí a chosaint ar bhagairtí atá níos trasnáisiúnta ina gcineál i gcónaí agus chun tacú leis an obair a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát. Tá an sceimhlitheoireacht, an choireacht thromchúiseach agus an choireacht eagraithe, an choireacht ghluaisteach, an gháinneáil ar dhrugaí ***agus ar airm***, an t-éilliú, ***sciúradh airgid,*** an |

slándáil inmheánach an Aontais.

chibearchoireacht***, teacht i dtír gnéasach, lena n-áirítear teacht i dtír gnéasach ar leanaí, bagairtí ilchineáil, chomh maith le bagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíoch agus núicléacha***, an gháinneáil ar dhaoine agus ar airm, inter alia, ina ndúshláin i gcónaí do shlándáil inmheánach ***agus margadh inmheánach*** an Aontais.

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5 a) Ba cheart go soláthrófaí tacaíocht airgeadais leis an gCiste chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn mar gheall ar an méadú suntasach ar mhéid cineálacha áirithe coireanna, amhail calaois íocaíochta, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus gáinneáil in airm, atá á ndéanamh tríd an idirlíon le blianta beaga anuas ("coireanna cibearchumasaithe"). .*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Ba cheart cistiúchán ó bhuiséad an Aontais a dhíriú ar ghníomhaíochtaí ina bhféadfadh idirghabháil an Aontais breisluach a chur ar fáil i gcomparáid le gníomhaíochtaí a dhéanfaidh na Ballstáit féin. ***I gcomhréir*** le hAirteagal 84 agus Airteagal 87(2) CFAE, ba cheart go dtacófaí, leis an gcistiúchán, le bearta chun tacú le gníomhaíocht na mBallstát agus iad a chur chun cinn i réimse chosc na coireachta agus an chomhair póilíneachta a mbeidh baint ag údaráis inniúla uile na | (6) Ba cheart cistiúchán ó bhuiséad an Aontais a dhíriú ar ghníomhaíochtaí ina bhféadfadh idirghabháil ón Aontas breisluach a chur ar fáil i gcomparáid le gníomhaíochtaí a dhéanfaidh na Ballstáit féin. ***I gcomhréir*** le hAirteagal 84 agus Airteagal 87(2) CFAE, ba cheart go dtacófaí, leis an gcistiúchán, le bearta chun tacú le gníomhaíocht na mBallstát agus iad a chur chun cinn i réimse chosc na coireachta***, na hoiliúna chomhpháirtí*** agus an chomhair póilíneachta ***agus*** |

| | |
|---|---|
| mBallstát leis go háirithe i ndáil le faisnéis a mhalartú, comhar oibríochtúil méadaithe agus tacú le hiarrachtaí cumais a neartú chun an choireacht a chomhrac agus a chosc. Ba cheart nach dtacófaí, leis an gCiste, le costais oibriúcháin agus gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmeanna riachtanacha na mBallstát i dtaca le riail agus reacht a choimeád agus an tslándáil inmheánach agus náisiúnta a chosaint dá dtagraítear in Airteagal 72 CFAE. | ***bhreithiúnaigh*** a mbeidh baint ag údaráis inniúla uile na mBallstát ***agus gníomhaireachtaí an Aontais*** leis go háirithe i ndáil le faisnéis a mhalartú, comhar oibríochtúil méadaithe agus tacú le hiarrachtaí cumais a neartú chun an choireacht a chomhrac agus a chosc. Ba cheart nach dtacófaí, leis an gCiste, le costais oibriúcháin agus gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmeanna riachtanacha na mBallstát i dtaca le riail agus reacht a choimeád agus an tslándáil inmheánach agus náisiúnta a choimirciú amhail dá dtagraítear in Airteagal 72 CFAE. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun acquis Schengen a chaomhnú agus chun a fheidhmiú a neartú, bhí sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, ón 6 Aibreán 2017 i leith, seiceálacha córasacha a dhéanamh in aghaidh bunachair sonraí ábhartha maidir le saoránaigh de chuid an Aontais atá ag trasnú teorainneacha seachtracha an Aontais. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún Moladh chuig na Ballstáit maidir le húsáid fheabhsaithe a bhaint as seiceálacha póilíní agus as comhar trasteorann. Ba cheart go mbeadh dlúthpháirtíocht i measc na mBallstát, soiléireacht maidir le roinnt na gcúraimí, urraim do chearta agus saoirsí bunúsacha agus don smacht reachta, fócas láidir ar an gcomhthéacs domhanda agus ar an gcomhchuibheas is gá leis an tslándáil sheachtrach ar na príomhphrionsabail a threoraíonn an tAontas agus gníomhaíochtaí na mBallstát i dtaca le fíoraontas slándála éifeachtach a fhorbairt. | (7) Chun acquis Schengen ***agus limistéar iomlán an mhargaidh inmheánaigh san Aontas*** a chaomhnú agus chun a fheidhmiú a neartú, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, ón 6 Aibreán 2017 i leith, seiceálacha córasacha a dhéanamh in aghaidh bunachair sonraí ábhartha maidir le saoránaigh de chuid an Aontais atá ag trasnú teorainneacha seachtracha an Aontais. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún Moladh chuig na Ballstáit maidir le húsáid fheabhsaithe a bhaint as seiceálacha póilíní agus as comhar trasteorann. Ba cheart go mbeadh dlúthpháirtíocht i measc na mBallstát, soiléireacht maidir le roinnt na gcúraimí, urraim do chearta agus saoirsí bunúsacha agus don smacht reachta, béim láidir ar an gcomhthéacs domhanda agus ar an gcomhchuibheas is gá leis an tslándáil sheachtrach ar na príomhphrionsabail a threoraíonn an tAontas agus gníomhaíochtaí na mBallstát ionsar fhíoraontas slándála éifeachtach a fhorbairt. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart an ionstraim a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do na cearta agus do na prionsabail a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus d'oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais maidir le cearta bunúsacha. | (9) Ba cheart an Ciste a chur chun feidhme agus i gcomhréir iomlán leis ***na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)***, leis na cearta agus na prionsabail a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a mhéid a bhaineann le cearta ***an duine***. ***Go háirithe, féachtar leis an Rialachán seo lena áirithiú go n-urramófar go hiomlán*** cearta bunúsacha, ***amhail an ceart chun dínit an duine, an ceart chun na beatha, an toirmeasc ar chéasadh agus ar íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, cearta an linbh agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil***. ***Féachann sé le cur i bhfeidhm phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn freisin.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10 a) Is toisc fhíorthábhachtach ratha i gcomhair slándáil inmheánach feasacht ar shaincheisteanna a bhaineann le gach cineál ciníochais, lena n-áirítear frith-Sheimíteachas agus frithghiofógachas, a ardú i measc pearsanra forfheidhmithe dlí. Ba cheart, dá bharr sin, bearta múscailte feasacht, oiliúna agus oideachais do ghníomhaithe forfheidhmithe dlí a chur san áireamh i raon feidhme an Chiste chun go méadófaí*** |

***ar ar an leibhéal áitiúil an acmhainneacht chun muinín a fhorbairt.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) I gcomhréir leis na tosaíochtaí comhroinnte a sainaithníodh ar leibhéal an Aontais chun ardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas, tacóidh an Ciste le gníomhaíochtaí atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na príomhbhagairtí slándála agus go háirithe le ***dul i ngleic leis*** an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht thromchúiseach agus an chibearchoireacht ***agus*** le cúnamh a thabhairt d'íospartaigh na coireachta agus iad a chosaint. Áiritheofar leis an gCiste go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Aontas agus na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn d'fhonn fíoraontas slándála a chur chun feidhme. Ba cheart é sin a shaothrú trí bhíthin cúnamh airgeadais chun tacú le malartú faisnéise níos fearr, an comhar oibríochtúil a mhéadú agus cumais náisiúnta agus chomhchoiteanna a fheabhsú. | (11) I gcomhréir leis na tosaíochtaí comhroinnte a sainaithníodh ar leibhéal an Aontais chun ardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas, tacóidh an Ciste le gníomhaíochtaí atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na príomhbhagairtí slándála agus go háirithe an sceimhlitheoireacht agus ***antoisceachas an fhoréigin, lena n-áirítear*** radacú***, éadulaingt agus idirdhealú***, an choireacht thromchúiseach agus eagraithe***,*** agus an chibearchoireacht ***a chosc agus a chomhrac***, ***chomh maith le*** cúnamh a thabhairt d'íospartaigh na coireachta agus iad a chosaint ***agus bonneagar criticiúil a chosaint***. Áiritheofar leis an gCiste go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Aontas agus na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt freisin ar bhagairtí atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn***, amhail gáinneáil, lena n-áirítear trí bhealaí ar líne, bagairtí ilchineáil agus bagairtí ceimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha,*** d'fhonn fíoraontas slándála a chur chun feidhme. Ba cheart é sin a shaothrú trí bhíthin cúnamh airgeadais chun tacú le malartú faisnéise níos fearr, ***chun*** an comhar oibríochtúil a mhéadú agus cumais náisiúnta agus chomhchoiteanna a fheabhsú. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (12) Faoi chuimsiú chreat cuimsitheach an Chiste, ba cheart don chúnamh airgeadais a chuirtear ar fáil faoin Ionstraim tacú le comhar póilíneachta agus breithiúnach, cosc i réimse na coireachta tromchúisí agus eagraithe, gáinneáil ar armáin neamhdhleathacha, éilliú, sciúradh airgid, gáinneáil ar dhrugaí, an choireacht comhshaoil, ***malartú faisnéise agus rochtain uirthi,*** an sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhaoine, dúshaothrú na ***himirce neamhdhleathaí,*** dúshaothrú gnéasacha ***leanaí***, dáileadh íomhánna de mhí-úsáid leanaí agus pornagrafaíochta leanaí agus an chibearchoireacht. Leis an gCiste ba cheart tacú le daoine, spásanna poiblí agus bonneagar criticiúil a chosaint ar theagmhais slándáilbhunaithe agus tacú le bainistiú éifeachtach rioscaí agus géarchéimeanna slándáilbhunaithe, lena n-áirítear trí chomhbheartais (straitéisí, timthriallacha beartais, cláir agus pleananna gníomhaíochta), reachtaíocht agus comhar praiticiúil a fhorbairt. | (12) Faoi chuimsiú chreat cuimsitheach an Chiste, ba cheart don chúnamh airgeadais a sholáthraítear tríd an gCiste tacú go háirithe le ***malartú faisnéise agus an rochtain uirthi mar aon le*** comhar póilíneachta agus breithiúnach agus cosc sna réimsí seo a leanas: an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, gáinneáil ar armáin neamhdhleathacha, éilliú, sciúradh airgid, gáinneáil ar dhrugaí, an choireacht comhshaoil, an sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhaoine, dúshaothrú ***na ndídeanach agus na n-imirceach neamhrialta***, ***dúshaothrú tromchúiseach an lucht oibre,*** dúshaothrú gnéasach ***agus mí-úsáid leanaí, lena n-áirítear dúshaothrú agus mí-úsáid leanaí agus ban***, dáileadh íomhánna de mhí-úsáid leanaí agus pornagrafaíochta leanaí agus an chibearchoireacht. Leis an gCiste, ba cheart tacú freisin le daoine, spásanna poiblí agus bonneagar criticiúil a chosaint ar theagmhais a bhaineann le slándáil agus tacú le bainistiú éifeachtach rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann le slándáil, lena n-áirítear trí ***oiliúint chomhpháirteach,*** comhbheartais (straitéisí, timthriallacha beartais, cláir agus pleananna gníomhaíochta), reachtaíocht agus comhar praiticiúil a fhorbairt. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(12 a) Ba cheart don Chiste cúnamh a sholáthar d'údaráis forfheidhmithe dlí gan beann ar a struchtúr eagraíochtúil faoin dlí náisiúnta. Ar an gcúis sin, maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann fórsaí míleata agus ar cuireadh cúraimí i*** |

***dtaca le slándáil inmheánach ar iontaoibh orthu, ba cheart go mbeidís incháilithe freisin i gcomhair tacaíocht ón gCiste, sa mhéid go rannchuidíonn na gníomhaíochtaí sin le gnóthú shainchuspóirí an Chiste. I staideanna éigeandála, agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí tromchúiseacha don slándáil phoiblí agus iad a chosc, lena n-áirítear tar éis ionsaí sceimhlitheoireachta, ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag fórsaí míleata ar chríoch an Bhallstáit incháilithe i gcomhair tacaíocht ón gCiste. Níor cheart, i gcás ar bith, go mbeadh gníomhaíochtaí síochánaíochta nó gníomhaíochtaí cosanta lasmuigh de chríoch an Bhallstáit incháilithe i gcomhair cúnamh ón gCiste.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Tá gá le tionchar chistiúchán an Aontais a uasmhéadú trí acmhainní airgeadais poiblí agus príobháideacha a shlógadh, a chomhthiomsú agus a luamhanú. Leis an gCiste ba cheart rannpháirteachas agus rannpháirtíocht ghníomhach fhónta na sochaí sibhialta a chur chun cinn agus a spreagadh, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, chomh maith leis an earnáil thionsclaíoch i bhforbairt agus cur chun feidhme an bheartais slándála, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí rannpháirtíocht gníomhaithe ábhartha eile, gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais i dtaca le cuspóir an Chiste. | (14) Tá gá le tionchar chistiúchán an Aontais a uasmhéadú trí acmhainní airgeadais poiblí agus príobháideacha a shlógadh, a chomhthiomsú agus a luamhanú. Leis an gCiste, ba cheart rannpháirteachas agus rannpháirtíocht ghníomhach fhónta na sochaí sibhialta a chur chun cinn agus a spreagadh, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, chomh maith leis an earnáil thionsclaíoch ***Eorpach*** i bhforbairt agus cur chun feidhme an bheartais slándála***, go háirithe a mhéid a bhaineann le cibearshlándáil***, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, le rannpháirtíocht gníomhaithe ábhartha eile, gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais i dtaca le cuspóir an Chiste. ***Ba cheart a áirithiú, áfach, nach mbainfear feidhm as tacaíocht ón gCiste chun cúraimí reachtacha nó poiblí a tharmligean chuig*** |

| | |
|---|---|
| | ***gníomhaithe príobháideacha.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) D'fhonn a áirithiú go rannchuideoidh an Ciste go héifeachtach le leibhéal slándála inmheánaí níos airde ar fud an Aontais Eorpaigh agus le fíoraontas slándála a fhorbairt, ba cheart é a úsáid ar dhóigh a gcuirtear an luach is mó le gníomhaíocht na mBallstát. | (16) D'fhonn a áirithiú go rannchuideoidh an Ciste go héifeachtach le leibhéal slándála inmheánaí níos airde ar fud an Aontais Eorpaigh agus le fíoraontas slándála a fhorbairt, ba cheart é a úsáid ar dhóigh a gcuirtear an luach ***Eorpach*** is mó le gníomhaíocht na mBallstát. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Chun rannchuidiú le cuspóirí an Chiste a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú ***go dtugtar aghaidh*** ina gcláir ar chuspóirí sonracha an Chiste, go bhfuil na beartais a roghnófar i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme a leagtar amach in ***Iarscríbhinn II*** agus go n-áirítear le leithdháileadh acmhainní idir cuspóirí gur féidir an cuspóir beartais foriomlán a bhaint amach**.** | (18) Chun rannchuidiú le cuspóirí an Chiste a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú ***go rannchuideoidh*** tosaíochtaí a gclár le cuspóirí sonracha an Chiste a ***bhaint amach***, go mbeidh na tosaíochtaí a roghnófar i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme amhail mar a leagtar amach in Airteagal 3a agus ***go mbeidh*** leithdháileadh acmhainní idir cuspóirí ***comhréireach le dúshláin agus riachtanais agus*** go n-áiritheofar gur féidir an cuspóir beartais foriomlán a bhaint amach. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ba cheart an Ciste bheith | (20) Ba cheart an Ciste bheith |

| | |
|---|---|
| comhleanúnach agus comhlántach le cláir eile de chuid an Aontais i réimse na slándála. ***Lorgófar*** sineirgíochtaí go háirithe leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha ina bhfuil an ionstraim um bainistiú teorainneacha agus um víosaí a bunaíodh le Rialachán (AE) X agus an ionstraim um threalamh rialaithe custaim a bunaíodh le Rialachán (AE) X mar aon le Cistí eile an bheartais comhtháthaithe a chumhdaítear le Rialachán (AE) X [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], an chuid de chlár Fís Eorpach a bhaineann le taighde slándála a bunaíodh le Rialachán (AE) X, an clár um Chearta agus Luachanna a bunaíodh le Rialachán X, an clár um Cheartas a bunaíodh le Rialachán (AE) X, an clár don Eoraip Dhigiteach a bunaíodh le Rialachán (AE) X, agus clár InvestEU a bunaíodh le Rialachán (AE) X. Ba cheart sineirgíochtaí a lorg go háirithe i dtaca le slándáil bonneagair agus spásanna poiblí, an chibearshlándáil agus leis an radacú a chosc. Tá sásraí comhordúcháin éifeachtacha riachtanach chun gnóthú éifeachtach na gcuspóirí beartais a uasmhéadú, le go mbainfear leas as barainneachtaí scála agus le go seachnófar forluí idir gníomhaíochtaí. | comhleanúnach agus comhlántach le cláir eile de chuid an Aontais i réimse na slándála. Áiritheofar sineirgíochtaí go háirithe leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha ina bhfuil an ionstraim um bainistiú teorainneacha agus um víosaí a bunaíodh le Rialachán (AE) X agus an ionstraim um threalamh rialaithe custaim a bunaíodh le Rialachán (AE) X mar aon le Cistí eile an bheartais comhtháthaithe a chumhdaítear le Rialachán (AE) X [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], an chuid de chlár Fhís na hEorpa a bhaineann le taighde slándála a bunaíodh le Rialachán (AE) X, an clár um Chearta agus Luachanna a bunaíodh le Rialachán X, an clár um Cheartas a bunaíodh le Rialachán (AE) X, an clár don Eoraip Dhigiteach a bunaíodh le Rialachán (AE) X, agus clár InvestEU a bunaíodh le Rialachán (AE) X. Ba cheart sineirgíochtaí a lorg go háirithe i dtaca le slándáil bonneagair agus spásanna poiblí, an chibearshlándáil***, cosaint íospartach*** agus le ***hantoisceachas an fhoréigin, lena n-áirítear*** radacú, a chosc. Tá sásraí comhordúcháin éifeachtacha bunriachtanach chun gnóthú éifeachtach na gcuspóirí beartais a uasmhéadú, le go mbainfear leas as barainneachtaí scála agus le go seachnófar forluí idir gníomhaíochtaí. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ba cheart bearta i dtríú tíortha agus maidir le tríú tíortha a fhaigheann tacaíocht tríd an ionstraim a chur chun feidhme ar bhonn sineirgíocht iomlán agus comhleanúnachas le gníomhaíochtaí eile lasmuigh den Aontas agus ba cheart na bearta sin a bheith ina gcomhlánú ar ghníomhaíochtaí eile a fhaigheann tacaíocht trí ionstraimí maoinithe | (21) Ba cheart bearta i dtríú tíortha agus maidir le tríú tíortha a fhaigheann tacaíocht tríd an gCiste a chur chun feidhme ar bhonn sineirgíocht iomlán agus comhleanúnachas le gníomhaíochtaí eile lasmuigh den Aontas agus ba cheart na bearta sin a bheith ina gcomhlánú ar ghníomhaíochtaí eile a fhaigheann tacaíocht trí ionstraimí maoinithe |

| | |
|---|---|
| sheachtraigh an Aontais. Agus gníomhaíochtaí den sórt sin á gcur chun feidhme, ba cheart, go háirithe, iarracht a dhéanamh teacht ar chomhleanúnachas iomlán le prionsabail agus le cuspóirí ginearálta de chuid ***ghníomhaíocht sheachtrach*** agus bheartas eachtrach an Aontais a bhaineann leis an tír nó leis an réigiún atá i gceist. I ndáil leis an ngné sheachtrach, ba cheart go gcuirfeadh an Ciste feabhas ar an gcomhar le tríú tíortha i réimsí a bhfuil baint acu le leas slándála inmheánaí an Aontais , amhail an sceimhlitheoireacht agus an radacú a throid, comhar le húdaráis forfheidhmithe dlí i dtríú tíortha chun an sceimhlitheoireacht a throid (lena n-áirítear gníomhairí a chur ar dícheangal agus foirne imscrúdaithe comhpháirteacha), an choireacht eagraithe agus an t-éilliú chomh maith le gáinneáil daoine agus smuigleáil imirceach. | sheachtraigh an Aontais. Agus gníomhaíochtaí den sórt sin á gcur chun feidhme, ba cheart, go háirithe, iarracht a dhéanamh teacht ar chomhleanúnachas iomlán le prionsabail agus le cuspóirí ginearálta um ***ghníomhaíocht sheachtrach,*** agus um ***bheartas*** eachtrach agus ***cúnamh forbartha*** an Aontais a bhaineann leis an tír nó leis an réigiún atá i gceist. I ndáil leis an ngné sheachtrach, ba cheart go gcuirfeadh an Ciste feabhas ar an gcomhar le tríú tíortha i réimsí a bhfuil baint acu le leas slándála inmheánaí an Aontais, amhail an sceimhlitheoireacht agus an radacú a chomhrac, comhar le húdaráis forfheidhmithe dlí i dtríú tíortha sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta (lena n-áirítear gníomhairí a chur ar dícheangal agus foirne imscrúdaithe comhpháirteacha)***, gáinneáil, go háirithe gáinneáil ar airm, ar dhrugaí, ar speicis atá i mbaol agus ar earraí cultúrtha,*** an choireacht eagraithe agus an t-éilliú chomh maith le gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) Faoi Rialachán (AE) Uimh. X ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], ba cheart go ndéanfadh an tAontas gníomhaíocht chun a bhuiséad a chosaint aon uair a thiocfaidh easnamh ginearálaithe a mhéid a bhaineann leis an smacht reachta chun cinn i mBallstát. Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. X maidir leis an gCiste seo.*** |
| | ***[1a] Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe*** |

***a mhéid a bhaineann leis an smacht reachta sna Ballstáit (COM(2018/0324).***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart an gá atá le solúbthacht agus simpliú méadaithe a léiriú san ionstraim agus ceanglais i dtéarmaí intuarthachta á n-urramú san am céanna, agus a áirithiú go ndáilfear acmhainní go cothrom agus go trédhearcach chun na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. | (24) Ba cheart an gá atá le solúbthacht agus simpliú méadaithe a léiriú sa Chiste agus ceanglais ó thaobh intuarthachta á n-urramú ag an am céanna, agus a áirithiú go ndáilfear acmhainní go cothrom agus go trédhearcach chun na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. ***Ba cheart prionsabail na héifeachtúlachta, na héifeachtachta agus cháilíocht an chaiteachais a bheith mar threoir ag cur chun feidhme an Chiste. Thairis sin, ba cheart an Ciste a chur chun feidhme ar an mbealach is soiléire is féidir.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Beidh na méideanna tosaigh sin mar bhonn d’infheistíochtaí fadtéarmacha na mBallstát sa tslándáil. Chun athruithe bhagairtí slándála nó ar an gcás bonnlíne a chur san áireamh, ba cheart méid breise a leithdháileadh ar na Ballstáit ag an meántéarma agus beidh sé bunaithe ar na sonraí staitistiúla is déanaí atá ar fáil mar a leagtar amach san eochair dháileacháin iad agus staid chur chun feidhme an chláir á cur san áireamh. | (26) Beidh na méideanna tosaigh sin mar bhonn d’infheistíochtaí fadtéarmacha na mBallstát sa tslándáil. Chun athruithe ar bhagairtí slándála ***inmheánacha agus seachtracha*** nó ar an gcás bonnlíne a chur san áireamh, ba cheart méid breise a leithdháileadh ar na Ballstáit ag an meántéarma agus beidh sé bunaithe ar na sonraí staitistiúla is déanaí atá ar fáil, mar a leagtar amach san eochair dháileacháin iad, agus staid chur chun feidhme an chláir á cur san áireamh. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a) Tráth a bhíonn acmhainní atá ar fáil ón gCiste á ndáileadh, ba cheart go gcuirfí san áireamh an bonneagar criticiúil ar gá do na Ballstáit cosaint a thabhairt dó.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) De bhrí go mbíonn dúshláin i réimse na slándála ag teacht chun cinn de shíor, is gá leithdháileadh cistiúcháin a chur in oiriúint d'athruithe ar bhagairtí slándála agus cistiúchán a stiúradh i dtreo na dtosaíochtaí a bhfuil an breisluach is airde don Aontas ag baint leo. Chun freagairt do riachtanais phráinneacha, d'athruithe ar bheartais agus do thosaíochtaí an Aontais agus chun cistiúchán a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal de bhreisluach an Aontais ag baint leo, déanfar cuid den chistiúchán a leithdháileadh go tráthrialta, trí shaoráid théamach, ar ghníomhaíochtaí sonracha, ar ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais agus ar chúnamh éigeandála. | (27) De bhrí go mbíonn dúshláin i réimse na slándála ag forbairt de shíor, is gá leithdháileadh cistiúcháin a chur in oiriúint d'athruithe ar bhagairtí slándála ***inmheánacha agus seachtracha*** agus cistiúchán a stiúradh i dtreo na dtosaíochtaí a bhfuil an breisluach is airde don Aontas ag baint leo. Chun freagairt do riachtanais phráinneacha, d'athruithe ar bheartais agus do thosaíochtaí an Aontais agus chun cistiúchán a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal de bhreisluach an Aontais ag baint leo, déanfar cuid den chistiúchán a leithdháileadh go tráthrialta, trí shaoráid théamach, ar ghníomhaíochtaí sonracha, ar ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais agus ar chúnamh éigeandála. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ba cheart na Ballstáit a spreagadh | (28) Ba cheart na Ballstáit a spreagadh |

| | |
|---|---|
| chun cuid dá leithdháileadh don chlár a úsáid chun gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a mhaoiniú lena mbaintear leas as ranníocaíocht níos airde ón Aontas. | chun cuid dá leithdháileadh don chlár a úsáid chun gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, a bhaineann leas as ranníocaíocht níos airde ón Aontas, a chistiú***, go príomha mar gheall ar a mbreisluach suntasach Eorpach nó a dtábhacht mhór don Aontas***. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Chun cur chun feidhme a chuspóir beartais a chomhlánú ar an leibhéal náisiúnta trí chláir na mBallstát, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil leis an gCiste freisin le haghaidh gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh chun críocha straitéiseacha foriomlána a bhaint amach laistigh de raon feidhme idirghabhála na hionstraime i ndáil le hanailís ar bheartais agus nuálaíocht, le foghlaim fhrithpháirteach thrasnáisiúnta agus comhpháirtíochtaí agus le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí nua a thriail ar fud an Aontais. | (31) Chun cur chun feidhme a chuspóra beartais a chomhlánú ar an leibhéal náisiúnta trí chláir na mBallstát, ba cheart tacaíocht a sholáthar leis an gCiste freisin le haghaidh gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh chun críocha straitéiseacha foriomlána a bhaint amach laistigh de raon feidhme idirghabhála an Chiste i ndáil le hanailís ar bheartais agus nuálaíocht, le foghlaim fhrithpháirteach thrasnáisiúnta agus comhpháirtíochtaí agus le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí nua a thriail ar fud an Aontais ***nó i measc Ballstáit áirithe***. ***I dtaca leis sin, ba cheart comhar idir seirbhísí faisnéise na mBallstát a spreagadh d'fhonn an malartú riachtanach faisnéise a áirithiú chun éifeachtúlacht an chomhraic i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus i gcoinne na coireachta eagraithe agus tromchúisí a fheabhsú, agus chun rannchuidiú le tuiscint níos fearr ar a nádúr trasteorann. Ba cheart don Chiste tacú le hiarrachtaí na mBallstát an cleachtas is fearr a mhalartú agus chun oiliúint chomhpháirteach a chur chun cinn chun cuidiú le cultúr bunaithe ar chomhar agus iontaoibh fhrithpháirteach a fhorbairt idir seirbhísí faisnéise agus idir seirbhísí faisnéise agus Europol.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33 a) I bhfianaise nádúr trasnáisiúnta ghníomhaíochtaí an Aontais agus chun gníomhaíocht chomhordaithe a chur chun cinn chun go gcomhlíonfaí an cuspóir an leibhéal slándála is airde san Aontas a áirithiú, ba cheart go mbeadh gníomhaireachtaí díláraithe incháilithe freisin mar thairbhithe ghníomhaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear i gcruth deontas. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a bheith comhleanúnach leis na tosaíochtaí agus na tionscnamh arna sainaithint ar leibhéal an Aontais ag institiúidí an Aontais chun breisluach Eorpach a áirithiú.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) D'fhonn gníomhaíochtaí faoin mbainistíocht chomhroinnte a chur chun feidhme, ba cheart an Ciste a bheith ina chuid de chreat comhleanúnach ina mbeidh an Rialachán seo, an Rialachán Airgeadais agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna (AE) Uimh. X[18]. | (37) Chun críche gníomhaíochtaí faoin mbainistíocht chomhroinnte a chur chun feidhme, ba cheart an Ciste a bheith ina chuid de chreat comhleanúnach ina mbeidh an Rialachán seo, an Rialachán Airgeadais agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna (AE) Uimh. X ***[CPR]***[18]. ***I gcás forálacha atá i gcodarsnacht lena chéile, ba cheart tosaíocht a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. X [CPR] ar an Rialachán seo.*** |
| [18] Tagairt iomlán | [18] Tagairt iomlán |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (38) Le Rialachán (AE) Uimh. …/… [RFC] bunaítear an creat gníomhaíochta do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), don Chiste Comhtháthaithe, don Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), don Chiste Tearmainn ***agus*** Imirce (CTI), don Chiste Slándála Inmheánaí (CSI), agus don ionstraim um bainistiú teorainneacha agus um víosaí (IBTV), mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (CBCT), agus leagtar síos ann, go háirithe, na rialacha a bhaineann le clársceidealú, faireachán agus meastóireacht,bainistiú agus rialú cistí AE arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte. Ina theannta sin, is gá cuspóirí an Chiste Slándála Inmheánaí a shonrú sa Rialachán seo**,** agus forálacha sonracha a leagan síos maidir leis na gníomhaíochtaí a fhéadfar a mhaoiniú le tacaíocht an Chiste seo. | (38) Le Rialachán (AE) Uimh. …/… [RFC] bunaítear an creat gníomhaíochta do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), don Chiste Comhtháthaithe, don Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), don Chiste Tearmainn, Imirce ***agus Lánpháirtiú*** (CTI), don Chiste Slándála Inmheánaí (CSI), agus don ionstraim um bainistiú teorainneacha agus um víosaí (IBTV), mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (CBCT), agus leagtar síos ann, go háirithe, na rialacha a bhaineann le clársceidealú, faireachán agus meastóireacht, bainistiú agus rialú cistí AE arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte. Ina theannta sin, is gá cuspóirí an Chiste Slándála Inmheánaí a shonrú sa Rialachán seo, agus forálacha sonracha a leagan síos maidir leis na gníomhaíochtaí a fhéadfar a mhaoiniú le tacaíocht an Chiste seo. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(38 a) Chun a áirithiú go dtacóidh an Ciste le gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí sonracha uile an Chiste, agus go mbeidh leithdháileadh acmhainní i measc na gcuspóirí comhréireach do dhúshláin agus riachtanais, le gur féidir na cuspóirí a bhaint amach, ba cheart céatadán íosta leithdháilte ón gCiste a shainiú do gach cuspóir sonrach de chuid an Chiste, do na cláir náisiúnta agus don tsaoráid*** |

| | |
|---|---|
| | ***théamach araon.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[20], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[21] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[22], déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh calaois agus cionta coiriúla eile lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23]. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na | (40) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[20], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[21] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[22], déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin ***agus/nó coiriúla*** a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh calaois agus cionta coiriúla eile lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23]. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na |

cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

[19] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

[20] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch.1).

[21] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

[22] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’)

cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus ní mór dó a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtithe a bheidh rannpháirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú. ***Comhoibreoidh na Ballstáit go hiomlán le hinstitiúidí, gníomhaireachtaí agus chomhlachtaí an Aontais ar mhaithe le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus soláthróidh siad gach cúnamh is gá dóibh. Ba cheart torthaí na n-imscrúduithe ar neamhrialtachtaí nó ar chalaois maidir leis an gCiste a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa.***

[19] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

[20] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch.1).

[21] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

[22] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’)

| | |
|---|---|
| (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1). | (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1). |
| [23] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29). | [23] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29). |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(43) De bhun Airteagal 349 de CFAE agus i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún "Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí in AE[25]" arna formhuiniú ag an gComhairle ina conclúid an 12 Aibreán 2018, ba cheart do na Ballstáit ábhartha a áirithiú go dtabharfar aghaidh ina gcláir ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn, ar bagairtí iad nach mór do na réigiúin fhorimeallacha dul i ngleic leo. Tacaítear leis na Ballstáit sin sa Chiste seo trí acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chun cuidiú leis na réigiúin sin de réir mar is iomchuí.*** | ***scriosta*** |

***[25] COM(2017) 623 final.***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) De bhun mhír 22 agus mhír 23 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[26], is gá an ionstraim seo a mheas ar | (44) De bhun mhír 22 agus mhír 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr [26], is gá an Ciste seo a mheas ar |

| | |
|---|---|
| bhonn faisnéis arna bailiú trí cheanglais faireacháin ar leith, agus san am céanna rórialáil agus ualach riaracháin á seachaint, go háirithe i leith na mBallstát. Féadfaidh táscairí intomhaiste a bheith san áireamh sna ceanglais sin, i gcás inarb iomchuí, mar bhonn chun éifeachtaí na hionstraime ar an talamh a mheas. Chun a bhfuil gnóthaithe ag an gCiste a thomhas, ba cheart táscairí agus spriocanna gaolmhara a bhunú i ndáil le gach cuspóir sonrach den Chiste. | bhonn faisnéis arna bailiú trí cheanglais faireacháin ar leith, agus rórialáil agus ualach riaracháin á seachaint ag an am céanna, go háirithe i leith na mBallstát. Féadfaidh táscairí intomhaiste a bheith san áireamh sna ceanglais sin, i gcás inarb iomchuí, mar bhonn chun éifeachtaí nithiúla an Chiste a mheas. Chun a bhfuil gnóthaithe ag an gCiste a thomhas, ba cheart táscairí agus spriocanna gaolmhara a bhunú i ndáil le gach cuspóir sonrach den Chiste. ***Ba cheart go mbeadh táscairí cáilíochta agus cainníochtúla san áireamh sna táscairí sin.*** |
| [26] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016; IO L 123, 12.5.2016, lch. 1-14. | [26] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; IO L 123, 12.5.2016, lch. 1-14. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Mar léiriú ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais maidir le Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, rannchuideoidh an ionstraim seo le gníomhaíochtaí aeráide príomhshrutha agus le sprioc fhoriomlán a bhaint amach, is é sin go n-úsáidfear 25% den chaiteachas i mbuiséad AE chun tacú le cuspóirí aeráide. ***Déanfar gníomhaíochtaí ábhartha a shainaithint nuair a bheidh an Ciste á ullmhú agus á chur chun feidhme, agus déanfar iad a athmheas i gcomhthéacs na meastóireachtaí ábhartha agus na bpróiseas athbhreithnithe.*** | (45) Mar léiriú ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, rannchuideoidh an Ciste seo le príomhshruthú na ngníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide agus le sprioc fhoriomlán a bhaint amach, is é sin go n-úsáidfí 25% den chaiteachas i mbuiséad AE chun tacú le cuspóirí aeráide ***thar thréimhse CAI 2021-2027 agus le sprioc bhliantúil 30 % a bhaint amach a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí faoi 2027.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Trí na táscairí sin agus tríd an tuairisciú airgeadais, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chiste, i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. X [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus an Rialacháin seo. | (46) Trí na táscairí sin agus tríd an tuairisciú airgeadais, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chiste i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. X [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus an Rialacháin seo. ***Chun a ról maoirseachta a chomhlíonadh go leormhaith, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann na méideanna ón gCiste arna gcaitheamh go hiarbhír i mbliain faoi leith a fhionnadh. Tráth a bheidh cuntais bhliantúla a gclár náisiúnta á dtuairisciú chuig an gCoimisiún acu, ba cheart, dá bhrí sin, do na Ballstáit idirdhealú a dhéanamh idir aisghabhálacha, íocaíochtaí réamh-mhaoinithe le tairbhithe deiridh agus aisíocaíocht ar chaiteachais a tabhaíodh iarbhír. Chun iniúchadh agus faireachán ar an gCiste a éascú, ba cheart don Choimisiún na méideanna sin a chur san áireamh ina thuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme i leith an Chiste. Ba cheart don Choimisiún achoimre ar na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht ar glacadh leo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach bliain. Arna iarraidh sin dóibh, ba cheart don Choimisiún téacs iomlán na dtuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (47) Chun gnéithe neamhriachtanacha sa Rialachán seo a fhorlíonadh agus a leasú ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis an liosta gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh cómhaoiniú níos airde mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV, le tacaíocht oibriúcháin agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcreat faireacháin agus meastóireachta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. | (47) Chun gnéithe neamhriachtanacha sa Rialachán seo a fhorlíonadh agus a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le ***cláir oibre don tsaoráid théamach,*** leis an liosta gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh cómhaoiniú níos airde mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV, le tacaíocht oibriúcháin agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcreat faireacháin agus meastóireachta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (48) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí[27] cur chun feidhme ag an gCoimisiún. ***Ba cheart úsáid a bhaint as an nós imeachta scrúdúcháin le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme*** | (48) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí[27] cur chun feidhme ag an gCoimisiún. Ba cheart úsáid a bhaint as an nós imeachta comhairleach chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i |

***ina leagtar síos oibleagáidí coiteanna ar Bhallstáit, go háirithe maidir le faisnéis a sholáthar don Choimisiún, agus*** ba cheart úsáid a bhaint as ***an*** nós imeachta comhairleach chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i ndáil leis na módúlachtaí a bhaineann le faisnéis a sholáthar don Choimisiún i gcreat an chlársceidealaithe agus an tuairiscithe, ós rud é gur de chineál teicniúil amháin iad.

ndáil leis na módúlachtaí a bhaineann le faisnéis a sholáthar don Choimisiún i gcreat an chlársceidealaithe agus an tuairiscithe, ós rud é gur de chineál teicniúil amháin iad.

___________________

[27] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

[27] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Rialachán seo bunaítear an Ciste Eorpach Cosanta ("an Ciste"). | 1. Leis an Rialachán seo bunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí ('an Ciste') ***don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027***. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leagtar síos leis cuspóirí an Chiste, an buiséad don tréimhse 2021-2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha lena bhforáiltear ***maidir leis*** an gcistiú sin. | 2. Leis ***an Rialachán seo***, leagtar síos***:*** |
| | ***(a)*** cuspóirí an Chiste***;*** |
| | ***(b) cuspóirí sonracha an Chiste agus na bearta chun na cuspóirí sonracha sin a chur chun feidhme;*** |
| | ***(c)*** an buiséad don tréimhse 2021-2027***;*** |
| | ***(d)*** na foirmeacha cistiúcháin ón |

| | |
|---|---|
| | Aontas agus na rialacha ***chun*** cistiú den sórt sin a sholáthar. |

**Leasú 37Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ciallaíonn 'cibearchoireacht' coireanna cibearbhunaithe, is é sin le rá coireanna nach féidir a dhéanamh ach amháin trí fheistis agus córais na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a úsáid, i gcás inarb é atá sna feistis agus sna córais na huirlisí lena ndéantar an choir nó inarb atá iontu príomhspriocanna na coire; agus coireanna cibearchumasaithe, is é sin le rá coireanna traidisiúnta, ***amhail dúshaothrú gnéasach leanaí,*** ar féidir a scála agus a réimse a mhéadú trí úsáid a bhaint as ríomhairí, líonraí ríomhaireachta nó foirmeacha eile de TFC; | (d) ciallaíonn 'cibearchoireacht' coireanna cibearbhunaithe, is é sin le rá coireanna nach féidir a dhéanamh ach amháin trí fheistis agus córais na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a úsáid, i gcás inarb é atá sna feistis agus sna córais na huirlisí lena ndéantar an choir nó inarb é atá iontu príomhspriocanna na coire; agus coireanna cibearchumasaithe, is é sin le rá coireanna traidisiúnta, ar féidir a scála agus a réimse a mhéadú trí úsáid a bhaint as ríomhairí, líonraí ríomhaireachta nó foirmeacha eile de TFC; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tagraíonn 'Timthriall Beartais an Aontais' tionscnamh ildisciplíneach faisnéisbhunaithe arb é is aidhm dó na bagairtí coireachta eagraithe agus tromchúisí is tábhachtaí ar an Aontas a chomhrac tríd an gcomhar idir na Ballstáit, institiúidí an Aontais, na gníomhaireachtaí, agus i gcás inarb ábhartha tríú tíortha agus eagraíochta, a spreagadh***;*** | (f) tagraíonn 'Timthriall Beartais an Aontais' do thionscnamh ildisciplíneach faisnéisbhunaithe arb é is aidhm dó na bagairtí coireachta eagraithe agus tromchúisí is tábhachtaí ar an Aontas a chomhrac tríd an gcomhar idir na Ballstáit, institiúidí an Aontais, gníomhaireachtaí ***Cheartas agus Gnóthaí Baile an Aontais***, agus, i gcás inarb ábhartha, tríú tíortha agus eagraíochtaí ***sonracha idirnáisiúnta***, a spreagadh; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ciallaíonn ***“***malartú faisnéise agus rochtain ar fhaisnéis” bealach slán ina ndéantar bailiú, stóráil, próiseáil, anailísiú agus malartú ar fhaisnéis atá ábhartha do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 87 CFAE agus do Europol maidir le cosc, brath, imscrúdú agus ionchúiseamh cionta coiriúla, go háirithe coireacht eagraithe trasteorann***;*** | (g) ciallaíonn “malartú faisnéise agus rochtain ar fhaisnéis” bailiú, stóráil, próiseáil, anailísiú agus malartú slán na faisnéise atá ábhartha do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 87 CFAE agus do Europol, ***Eurojust agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh*** maidir le cosc, brath, imscrúdú agus ionchúiseamh cionta coiriúla, go háirithe ***sceimhlitheoireacht agus cibearchoireacht, chomh maith le*** coireacht ***thromchúiseach agus*** coireacht eagraithe trasteorann, ***arna bpróiseáil i gcomhréir le rialacha is infheidhme an Aontais maidir le cosaint sonraí*** ; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(h) ciallaíonn ‘comhar breithiúnach’ comhar breithiúnach maidir le hábhair choiriúla.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ciallaíonn ‘LETS’ an Scéim Eorpach um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí, arb é is aidhm di an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth orthu a thabhairt d’oifigigh forfheidhmithe dlí chun dul i ngleic le coireacht trasteorann agus í a | (i) ciallaíonn ‘LETS’ an Scéim Eorpach um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí, arb é is aidhm di an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth orthu a thabhairt d’oifigigh forfheidhmithe dlí chun coireacht ***eagraithe agus thromchúiseach*** |

| | |
|---|---|
| chomhrac go héifeachtach trí bhíthin comhar éifeachtúil, mar a shonraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Márta 2013 maidir le LETS Eorpach[31] a bhunú agus dá dtagraítear a thuilleadh sa Rialachán CEPOL[32]; | trasteorann ***agus sceimhlitheoireacht*** a chosc agus a chomhrac go héifeachtach trí bhíthin comhar éifeachtúil, mar a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Márta 2013 maidir le LETS Eorpach[31] a bhunú agus dá dtagraítear a thuilleadh sa Rialachán CEPOL[32]; |
| [31] COM(2013) 172 lena mbunaítear Scéim Eorpach um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (LETS). | [31] COM(2013) 172 lena mbunaítear Scéim Eorpach um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (LETS). |
| [32] Rialachán (AE) 2015/2219 an 25 Samhain 2015 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL). | [32] Rialachán (AE) 2015/2219 an 25 Samhain 2015 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL). |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) ciallaíonn 'ullmhacht' ***aon bheart*** arb aidhm dó na rioscaí a bhaineann le hionsaithe sceimhlitheoireachta nó le teagmhais eile a bhaineann leis an tslándáil a chosc nó a laghdú; | (k) ciallaíonn 'ullmhacht' ***bearta sonracha*** arb é is aidhm dóibh na rioscaí a bhaineann le hionsaithe sceimhlitheoireachta féideartha nó le teagmhais eile a bhaineann leis an tslándáil a chosc nó a laghdú; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é cuspóir beartais an Chiste cuidiú le hardleibhéal slándála san Aontas a áirithiú, go háirithe tríd an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht thromchúiseach eagraithe ***agus*** an chibearchoireacht ***a chomhrac agus*** trí chúnamh a thabhairt d'íospartaigh na coireachta agus iad a chosaint. | 1. Is é a bheidh i gcuspóir beartais an Chiste rannchuidiú le hardleibhéal slándála san Aontas a áirithiú, ***inter alia tríd chomhar méadaithe,*** go háirithe tríd an sceimhlitheoireacht agus ***antoisceachas an fhoréigin, lena n-áirítear*** an radacú, an choireacht thromchúiseach agus eagraithe agus an chibearchoireacht ***a chosc agus a*** |

***chomhrac, agus*** trí chúnamh a thabhairt d'íospartaigh na coireachta agus iad a chosaint. ***Tacóidh an Ciste freisin leis an ullmhacht do theagmhais a bhaineann le slándáil agus le bainistiú na dteagmhas sin.***

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí ***an Aontais*** agus údaráis inniúla eile agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais agus laistigh díobh agus le heagraíochtaí tríú tír agus idirnáisiúnta, an malartú sin a ***mhéadú***; | (a) malartú na faisnéise ***ábhartha agus cruinn*** idir údaráis forfheidhmithe dlí agus ***údaráis bhreithiúnacha na mBallstát,*** údaráis inniúla eile ***de chuid na mBallstát*** agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais***, go háirithe Europol agus Eurojust, agus, i gcás inarb ábhartha,*** le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus laistigh díobh, ***a fheabhsú agus a éascú***; |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) oibríochtaí comhpháirteacha trasteorann idir údaráis forfheidhmithe dlí ***an Aontais*** agus údaráis inniúla eile agus laistigh díobh a ghéarú i dtaca leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe a bhfuil gné trasteorann ag baint léi. ***agus*** | (b) ***comhordú agus comhar*** trasteorann, ***lena n-áirítear*** oibríochtaí ***ábhartha*** comhpháirteacha idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus údaráis inniúla eile agus laistigh díobh ***a fheabhsú agus*** a ghéarú i dtaca leis ***an sceimhlitheoireacht, agus*** an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a bhfuil gné trasteorann ag baint léi; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tacú leis an ***iarracht*** treisiú leis na cumais i dtaca leis an gcoireacht a chomhrac agus a chosc lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht go háirithe trí bhíthin comhar méadaithe idir údaráis phoiblí, an tsochaí shibhialta agus ***comhpháirtithe*** príobháideacha ar fud na mBallstát. | (c) chun tacú le treisiú ***riachtanach*** chumais ***na mBallstát*** i dtaca leis an gcoireacht, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht***, cibearchoireacht agus antoisceachas an fhoréigin, lena n-áirítear radacú,*** a chomhrac agus a chosc, go háirithe trí bhíthin comhar méadaithe idir údaráis phoiblí, ***gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais,*** an tsochaí shibhialta agus ***gníomhaithe*** príobháideacha, ***laistigh de*** na Ballstáit ***agus*** ar fud na mBallstát***, agus bainistiú géarchéime sibhialtaí tar éis teagmhas a bhaineann le slándáil***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) chun cultúr coiteann faisnéise a fhorbairt trí thacú le teagmhálacha agus iontaoibh, tuiscint agus foghlaim fhrithpháirteach, scaipeadh fios gnó agus dea-chleachtas i measc seirbhísí faisnéise na mBallstát agus le Europol, go háirithe trí oiliúint chomhpháirteach agus malartú saineolaithe.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Faoi na cuspóirí sonracha a leagtar amach i mír 2, déanfar an Ciste a chur chun feidhme trí bhíthin na mbeart cur chun feidhme a liostaítear in ***Iarscríbhinn II***. | 3. Faoi na cuspóirí sonracha a leagtar amach i mír 2, déanfar an Ciste a chur chun feidhme***, inter alia,*** trí bhíthin na mbeart cur chun feidhme a liostaítear in ***Airteagal 3a***. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfar ***gníomhaíochtaí*** arna gcistiú a chur chun feidhme agus ***lánurraim á tabhairt do*** chearta bunúsacha agus do dhínit an duine. Go háirithe, déanfaidh ***gníomhaíochtaí*** forálacha na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, dlí cosanta sonraí an Aontais agus an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (CECD) a chomhlíonadh. ***Go háirithe, déanfaidh na Ballstáit, nuair is féidir,*** agus ***gníomhaíochtaí*** á gcur chun feidhme acu, aird ar leith a thabhairt ***ar chúnamh agus ar chosaint*** daoine leochaileacha, go háirithe leanaí agus mionaoisigh gan tionlacan. | 4. Déanfar ***oibríochtaí*** arna gcistiú a chur chun feidhme i ***gcomhréir*** go huile is go hiomlán ***le*** cearta bunúsacha agus le dínit an duine ***agus leis an luachanna atá cumhdaithe in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), agus cuirfear isteach ar an gcistiúchán agus déanfar é a fháil ar ais i gcás ina bhfuil fianaise shoiléir agus chruthaithe ann go rannchuidíonn na gníomhaíochtaí sin le sárú ar na cearta sin.*** Go háirithe, déanfaidh ***oibríochtaí*** forálacha na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, dlí cosanta sonraí an Aontais agus an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (CECD) a chomhlíonadh. Tabharfar aird ar leith tráth a bheidh ***oibríochtaí i dtaca le*** daoine leochaileacha, go háirithe leanaí agus mionaoisigh neamhthionlactha, á gcur chun feidhme. |

**Leasú 50Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 3 a*** |
| | ***Bearta cur chun feidhme*** |
| | ***1. Rannchuideoidh an Ciste le gnóthú an chuspóra shonraigh a leagtar amach in Airteagal 3(2)(a) trí dhíriú ar na bearta cur chun feidhme seo a leanas:*** |
| | ***(a) cur i bhfeidhm aonfhoirmeach acquis an Aontais maidir le slándáil a áirithiú, tacú le malartú faisnéise ábhartha, lena n-áirítear trí cur chun feidhme moltaí ó shásraí rialaithe cáilíochta agus meastóireachta, amhail sásra meastóireachta Schengen agus sásraí*** |

***rialaithe cáilíochta agus meastóireachta eile;***

***(b) córais TF agus líonraí cumarsáide de chuid an Aontais a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo a chur ar bun, a chur in oiriúint agus a chothabháil, lena n-áirítear a n-idir-inoibritheacht a áirithiú, agus uirlisí iomchuí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí a shainaithneofar;***

***(c) méadú a dhéanamh ar úsáid ghníomhach uirlisí, córas agus bunachar sonraí malartaithe faisnéise de chuid an Aontais a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo, feabhas a chur ar idirnascadh na mbunachar sonraí náisiúnta a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo mar aon lena nasc le bunachair sonraí de chuid an Aontais nuair a dhéantar foráil dóibh i mbunúis ábhartha dhlí, agus a áirithiú go ndéanfar sonraí ar ardcháilíocht a sholáthar do na bunachair sonraí sin; agus***

***(d) tacú le bearta ábhartha náisiúnta chun na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2)(a a chur chun feidhme.***

***2. Rannchuideoidh an Ciste leis an gcuspóir sonrach a leagtar amach in Airteagal 3(2)(b) trí dhíriú ar na bearta cur chun feidhme seo a leanas:***

***(a) oibríochtaí forfheidhmithe dlí a mhéadú idir na Ballstáit, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, le gníomhaithe ábhartha eile, go háirithe an úsáid a bhaintear as comhfhoirne imscrúdaithe, as patróil chomhpháirteacha, as deargthóir, as faireachas discréideach agus as sásraí eile don chomhar oibríochtúil a fheabhsú agus a éascú i gcomhthéacs Thimthriall Beartais an Aontais (EMPACT), agus béim ar leith á leagan ar oibríochtaí trasteorann;***

***(b) comhordú agus comhar na n-údarás forghníomhaithe dlí agus údaráis inniúla eile a mhéadú laistigh de na Ballstáit agus***

***idir na Ballstát agus le gníomhaithe ábhartha eile, mar shampla trí líonraí d'aonaid speisialaithe náisiúnta, líonraí agus struchtúir comhair de chuid an Aontais, lárionaid de chuid an Aontas;***

***(c) an comhar idirghníomhaireachta agus an comhar ar leibhéal an Aontais a fheabhsú idir na Ballstáit féin, nó idir na Ballstáit, ar thaobh amháin, agus na comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, ar an taobh eile, chomh maith le feabhas a chur air sin ar an leibhéal náisiúnta i measc na n-údarás inniúil náisiúnta i ngach Ballstát;***

***3. Rannchuideoidh an Ciste leis an cuspóir sonrach a leagtar amach in Airteagal 3(2)(c) trí dhíriú ar na bearta cur chun feidhme seo a leanas:***

***(a) oiliúint i bhforfheidhmiú an dlí, cleachtaí agus foghlaim fhrithpháirteach a mhéadú, go háirithe trí mhíreanna a chur san áireamh a bhfuil sé mar aidhm leo feasacht a mhéadú maidir le saincheisteanna a bhaineann le radacú, antoisceachas an fhoréigin agus ciníochas, cláir speisialaithe malartaithe idir na Ballstáit, lena n-áirítear i gcomhair baill foirne shóisearacha forfheidhmithe dlí, agus comhroinnt dea-chleachtais lena n-áirítear le tríú tíortha agus le gníomhaithe ábhartha eile;***

***(b) leas a bhaint as sineirgí trí acmhainní agus eolas a chomhthiomsú i measc na mBallstát agus gníomhaithe ábhartha eile, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta trí bhíthin, mar shampla, lárionaid chomhpháirteacha barrfeabhais a chruthú, measúnuithe riosca comhpháirteacha a fhorbairt, lárionaid choiteanna tacaíochta oibríochtúla le haghaidh oibríochtaí arna gcur i gcrích go comhpháirteach, nó comhroinnt dea-chleachtais chun coireacht a chosc ar an leibhéal áitiúil;***

***(c) bearta, coimircí, sásraí agus dea-chleachtais a chur chun cinn agus a***

***fhorbairt le haghaidh sainaithint luath agus cosaint fhinnéithe, sceithirí agus íospartaigh na coireachta, agus an tacaíocht dóibh, agus, chuige sin, comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir údaráis phoiblí agus gníomhaithe ábhartha eile;***

***(d) trealamh ábhartha a fháil agus saoráidí speisialaithe oiliúna agus bonneagar bunriachtanach eile a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leis a chur ar bun nó a uasghrádú chun ullmhacht, athléimneacht, feasacht an phobail agus freagairt leordhóthanach do bhagairtí slándála a mhéadú;***

***(e) leochaileachtaí i mbonneagar criticiúil agus trealamh TF a bhfuil glacadh mór leo sa mhargadh a bhrath, a mheasúnú agus a dhúnadh chun ionsaithe ar chórais faisnéise agus bonneagar criticiúil a chosc, mar shampla trí iniúchadh a dhéanamh ar an gcód i mbogearraí saor in aisce agus bogearraí foinse oscailte, trí chláir duaise fabhtaimsithe a bhunú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, nó trí thástáil treáite.***

***4. Rannchuideoidh an Ciste le gnóthú an chuspóra shonraigh a leagtar amach in Airteagal 3(2)(c a) trí dhíriú ar na bearta cur chun feidhme seo a leanas:***

***(a) comhar agus comhordú idir seirbhísí faisnéise na mBallstát agus idir na seirbhísí sin agus údaráis fhorfheidhmithe dlí a fheabhsú trí theagmhálacha, líonrú, iontaoibh, tuiscint agus foghlaim fhrithpháirteach, mhalartú agus scaipeadh fios gnó, taithí agus dea-chleachtas, go háirithe a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'imscrúduithe póilíneachta agus measúnú ar bhagairtí;***

***(b) malartú agus oiliúint oifigeach faisnéise.***

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Faoi na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 agus*** i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme a liostaítear in ***Iarscríbhinn II*** tacófar leis an gCiste ***go háirithe*** leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn III. | 1. I gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme a liostaítear in ***Airteagal 3 a***, leis an gCiste, tacófar le ***gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le baint amach na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3. Féadfar a áireamh orthu sin*** na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn III. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú, féadfar leis an ***gCiste*** tacú leis ***na*** gníomhaíochtaí ***i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais*** dá dtagraítear in Iarscríbhinn III i dtaca le tríú tíortha agus sna tíortha sin, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 5. | 2. Chun na cuspóirí ***dá dtagraítear in Airteagal 3*** den Rialachán seo a ghnóthú, féadfar leis an ***gCiste***, ***i gcásanna eisceachtúla, de réir teorainneacha sainithe agus faoi réir coimircí iomchuí,*** tacú leis na gníomhaíochtaí amhail dá dtagraítear in Iarscríbhinn III i dtaca le tríú tíortha agus sna tíortha sin, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 5. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. I gcomhréir le hAirteagal 8, ní rachaidh méid iomlán an chistiúcháin i gcomhair gníomhaíochtaí tacaíochta i nó i dtaca le tríú tíortha faoin tsaoráid théamach thar 2% den mhéid iomlán arna leithdháileadh ar an tsaoráid théamach faoi Airteagal 7(2)(b).*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. I gcomhréir le hAirteagal 12, ní rachaidh méid iomlán an chistiúcháin i gcomhair gníomhaíochtaí tacaíochta i nó i dtaca le tríú tíortha faoi chláir na mBallstát, do gach Ballstát, thar 2% den mhéid iomlán arna leithdháileadh ar an mBallstát sin i gcomhréir le hAirteagal 7(2)(a), Airteagal 10(1) agus Iarscríbhinn I.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta atá teoranta don ord poiblí a choinneáil; | (a) gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta atá teoranta don ord poiblí a choinneáil, ***nó a bhaineann go príomha leis sin***; |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) trealamh ar rialú custaim ***ceann dá chuspóirí***; | (d) trealamh arb é rialú custaim ***a phríomhchuspóir***; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le gníomhaíochtaí neamh-incháilithe dá dtagraítear ***sa mhír sin*** féadfar a mheas go bhfuil siad incháilithe i gcás éigeandála. | Maidir le gníomhaíochtaí neamh-incháilithe dá dtagraítear ***i bpointe (a) agus i bpointe (b) sa chéad mhír***, féadfar a mheas go bhfuil siad incháilithe i gcás staid éigeandála. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) tríú tír atá liostaithe sa chlár faoi na coinníollacha a shonraítear ann; | (ii) tríú tír atá liostaithe sa chlár faoi na coinníollacha a shonraítear ann***, faoi réir an choinníll go ndéanfaidh gach gníomhaíocht a dhéanfaidh an tríú tír sin, a tharlóidh sa tríú tír sin, nó i dtaca leis an tríú tír sin na cearta agus na prionsabail a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát a urramú go hiomlán***. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aon eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó faoi aon eagraíocht idirnáisiúnta. | (b) aon eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó aon eagraíocht ***ábhartha*** idirnáisiúnta. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Go heisceachtúil, tá eintitis | 3. Go heisceachtúil, tá eintitis |

| | |
|---|---|
| dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tír incháilithe chun bheith rannpháirteach i gcás ina bhfuil sin riachtanach chun cuspóirí gníomhaíochta ar leith a bhaint amach. | dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tír incháilithe chun bheith rannpháirteach i gcás ina bhfuil sin riachtanach chun cuspóirí gníomhaíochta ar leith a bhaint amach***, tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún***. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Eintitis dhlíthiúla atá rannpháirteach i gcuibhreannais ina bhfuil dhá eintiteas neamhspleácha ar a laghad, atá bunaithe i mBallstáit éagsúla nó i dtíortha nó i gcríocha éagsúla thar lear atá bainteach leis na Ballstáit ***nó leis na tríú tíortha sin,*** tá siad incháilithe. | 4. Eintitis dhlíthiúla atá rannpháirteach i gcuibhreannais ina bhfuil dhá eintiteas neamhspleácha ar a laghad, atá bunaithe i mBallstáit éagsúla nó i dtíortha nó ***i*** gcríocha éagsúla thar lear atá bainteach leis na Ballstáit sin, tá siad incháilithe. ***Beidh feidhm ag Airteagal 6(3) i gcás ina bhfuil eagraíochtaí idirnáisiúnta atá rannpháirteach i gcuibhreannas bunaithe i dtríú tír.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an tacaíocht a chuirfear ar fáil faoin Rialachán seo comhlánófar idirghabhálacha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus leagfar béim ar bhreisluach a chur le cuspóirí an Rialachán seo. | 1. Leis an tacaíocht a sholáthrófar faoin Rialachán seo, comhlánófar idirghabhálacha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus leagfar béim ar bhreisluach ***Eorpach*** a chur le cuspóirí an Rialachán seo. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh an Coimisiún agus na | 2. Áiritheoidh an Coimisiún agus na |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Ballstáit go mbeidh an tacaíocht a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo agus a chuireann na Ballstáit ar fáil ag teacht le gníomhaíochtaí, beartais agus le tosaíochtaí ábhartha an Aontais agus go mbeidh sí comhlántach le hionstraimí ***eile de chuid an Aontais***. | Ballstáit go mbeidh an tacaíocht a sholáthraítear faoin Rialachán seo agus a sholáthraíonn na Ballstáit ag teacht le gníomhaíochtaí, beartais agus tosaíochtaí ábhartha an Aontais agus go mbeidh sí comhlántach le hionstraimí ***náisiúnta agus comhordaithe le hionstraimí eile de chuid an Aontais, go háirithe gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi chistí eile de chuid an Aontais***. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é EUR 2 500 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme na hionstraime don tréimhse 2021-2027. | 1. Is é ***EUR 2 209 725 000 i bpraghsanna 2018 (EUR*** 2 500 000 000 i bpraghsanna reatha***)*** a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chiste don tréimhse 2021–2027. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Déanfar EUR 1 500 000 000 a leithdháileadh ar na cláir a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte***;*** | (a) Déanfar ***EUR 1 325 835 000 i bpraghsanna 2018 (***EUR 1 500 000 000 ***i bpraghsanna reatha)*** a leithdháileadh ar na cláir a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Déanfar EUR 1 000 000 000 a | (b) Déanfar ***EUR 883 890 000 i bpraghsanna 2018 (***EUR 1 000 000 000 ***i*** |

leithdháileadh ar an tsaoráid théamach.

***bpraghsanna reatha)*** a leithdháileadh ar an tsaoráid théamach.

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bainfear úsáid as cistiú ón tsaoráid théamach chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí a bhfuil breisluach ard ó thaobh an Aontais ag baint leo ***nó chun*** freagairt do riachtanais phráinneacha, i gcomhréir le tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais mar a shonraítear in Iarscríbhinn ***II***. | 2. Bainfear úsáid as cistiú ón tsaoráid théamach chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí a bhfuil breisluach ard ó thaobh an Aontais ag baint leo nó chun freagairt do riachtanais phráinneacha, i gcomhréir le tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais mar a leagtar amach in ***Airteagal 3 a, i gcás bearta sonracha amhail iad siúd a liostaítear in*** Iarscríbhinn ***III, nó chun tacú le bearta i gcomhréir le hAirteagal 19***. ***A mhéid is féidir, beidh leithdháileadh acmhainní na saoráide téamaí ar na tosaíochtaí éagsúla comhréireach leis na dúshláin agus na riachtanais chun a áirithiú gur féidir cuspóirí an Chiste a bhaint amach.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Déanfar an cistiú ón tsaoráid théamach a leithdháileadh mar a leanas:*** |
| | ***(a) 10% ar a laghad ar an gcuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3(2);*** |
| | ***(b) 10% ar a laghad ar an gcuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 3(2);*** |
| | ***(c) 30 % ar a laghad ar an gcuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 3(2);*** |

| | |
|---|---|
| | ***(d) 5% ar a laghad ar an gcuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (c a) d'Airteagal 3(2);*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Nuair a dheonófar cistiú ón tsaoráid théamach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach ar na Ballstáit, ***áiritheofar nach ndéantar difear*** do thionscadail de thoradh tuairimí réasúnaithe ón gCoimisiún maidir le sárú faoi Airteagal 258 ***CFAE lena gcuirtear dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais nó feidhmíocht tionscadal i mbaol***. | 3. Nuair a dheonófar cistiú ón tsaoráid théamach faoi bhainistíocht dhíreach nó neamhdhíreach ar na Ballstáit, ní bheidh ***cistiú ar bith ar fáil do*** thionscadail, ***i gcás inarb ann d'fhianaise shoiléir go mbeadh amhras ann i dtaobh dhlíthiúlacht na dtionscadal sin, nó i dtaobh dhlíthiúlacht agus rialtacht an chistithe sin, nó i dtaobh fheidhmíocht na dtionscadal sin mar thoradh ar*** thuairim réasúnaithe ***arna heisiúint*** ag an gCoimisiún i ndáil le ***nós imeachta*** um shárú faoi Airteagal 258 ***CFAE***. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Nuair a dhéanfar cistiú ón tsaoráid théamach a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, déanfaidh an Coimisiún ***a mheasúnú***, chun críocha Airteagal 18 agus Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] ***nach ndéantar difear do ghníomhaíochtaí atá beartaithe de thoradh*** tuairimí réasúnaithe ón gCoimisiún maidir le sárú faoi Airteagal 258 ***CFAE lena gcuirtear dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais nó feidhmíocht tionscadal i mbaol***. | 4. Nuair a dhéanfar cistiú ón tsaoráid théamach a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, ***áiritheoidh*** an Coimisiún, chun críocha Airteagal 18 agus Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) Uimh. ***X*** [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], ***nach mbeidh cistiú ar bith ar fáil do thionscadail, i gcás inarb ann d'fhianaise shoiléir go mbeadh amhras ann i dtaobh dhlíthiúlacht na dtionscadal sin, nó i dtaobh dhlíthiúlacht agus rialtacht an chistithe sin, nó i dtaobh fheidhmíocht na dtionscadal sin mar thoradh ar*** thuairim réasúnaithe ***arna heisiúint*** ag an gCoimisiún i ndáil le ***nós imeachta*** um |

shárú faoi Airteagal 258 ***CFAE***.

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cinnfidh an Coimisiún an méid foriomlán a chuirfear ar fáil don tsaoráid théamach faoi leithreasuithe bliantúla bhuiséad an Aontais. Glacfaidh an Coimisiún ***cinntí airgeadais*** dá dtagraítear in Airteagal [110] den Rialachán Airgeadais don tsaoráid théamach ina sainaithneofar na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh agus ina shonrófar na méideanna do gach ceann dá chomhpháirteanna dá dtagraítear i mír 1. Leagfar amach i ***gcinntí airgeadais***, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha. | 5. Cinnfidh an Coimisiún an méid foriomlán a chuirfear ar fáil don tsaoráid théamach faoi leithreasuithe bliantúla bhuiséad an Aontais. Tabharfar ***de chumhacht don*** Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chláir oibre a leagan síos*** amhail dá dtagraítear in Airteagal [110] den Rialachán Airgeadais don tsaoráid théamach ina sainaithneofar na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh agus ina sonrófar na méideanna do gach ceann dá chomhpháirteanna amhail dá dtagraítear i mír 1. ***Sula nglacfar clár oibre, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta.*** Leagfar amach i ***gcláir oibre***, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha. ***Chun a áirithiú go mbeidh acmhainní ar fáil go tráthúil, féadfaidh an Coimisiún clár oibre a ghlacadh le haghaidh cúnamh éigeandála.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tar éis dó an ***cinneadh airgeadais a ghlacadh*** dá dtagraítear i mír ***3***, féadfaidh an Coimisiún leasú a dhéanamh dá réir sin ar na cláir a chuirtear chun | 6. Tar éis ***ghlacadh*** an ***chláir oibre*** amhail dá dtagraítear i mír ***5***, féadfaidh an Coimisiún leasú a dhéanamh dá réir sin ar na cláir a chuirtear chun feidhme faoi |

feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte. | bhainistíocht chomhroinnte.

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Féadfaidh cinntí bliantúla nó ilbhliantúla a bheith sna ***cinntí airgeadais*** sin agus féadfar ceann amháin nó níos mó de chomhpháirteanna na saoráide téamaí a chumhdach leo. | 7. Féadfaidh na ***cláir oibre*** sin a bheith ina gcláir bhliantúla nó ilbhliantúla agus féadfar ceann amháin nó níos mó de chomhpháirteanna na saoráide téamaí a chumhdach leo. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Ar thionscnamh na mBallstát, féadfar an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a mhéadú go 100 % den chaiteachas incháilithe iomlán i gcás cúnamh teicniúil.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil na tosaíochtaí a dtugtar aghaidh orthu sna cláir ***aige*** comhsheasmhach le tosaíochtaí agus dúshláin an Aontais i réimse na slándála agus go bhfreagraíonn siad dóibh, agus go bhfuil siad i gcomhréir go hiomlán le acquis ábhartha an Aontais agus le tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais. Agus na tosaíochtaí ina gcláir á sainaithint acu áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar na bearta cur | 1. Áiritheoidh gach Ballstát ***agus an Coimisiún*** go mbeidh na tosaíochtaí a dtugtar aghaidh orthu sn***a*** cláir ***náisiúnta*** comhsheasmhach le tosaíochtaí agus dúshláin an Aontais i réimse na slándála agus go bhfreagróidh siad dóibh, agus go mbeidh siad i gcomhréir go hiomlán le *acquis* ábhartha an Aontais agus le tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais. Agus na tosaíochtaí ina gcláir á sainaithint acu, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar |

| | |
|---|---|
| chun feidhme a leagtar amach in ***Iarscríbhinn II***. | aghaidh leormhaith ar na bearta cur chun feidhme amhail mar a leagtar amach in ***Airteagal 3 a***. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Agus measúnú á dhéanamh aige ar chláir náisiúnta na mBallstát, áiritheoidh an Coimisiún nach ndéanfar difear do na gníomhaíochtaí beartaithe le tuairim réasúnaithe a bheidh tugtha uaidh aige i dtaca le sárú faoi Airteagal 258 CFAE a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais nó le forghníomhú tionscadal.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 b. Déanfaidh na Ballstáit na hacmhainní dá gcláir náisiúnta a leithdháileadh mar a leanas:*** |
| | ***(a) 10% ar a laghad ar an gcuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3(2);*** |
| | ***(b) 10% ar a laghad ar an gcuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 3(2);*** |
| | ***(c) 30 % ar a laghad ar an gcuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 3(2);*** |
| | ***(d) 5% ar a laghad ar an gcuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (c a) d'Airteagal 3(2)(c a).*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 c. Ballstáit ar mian leo maolú ar mhír 1b, cuirfidh siad an méid sin in iúl don Choimisiún dá réir agus déanfaidh siad measúnú, in éineacht leis an gCoimisiún, ar cé acu ba cheart nó nár cheart na céatadáin íosta sin a leasú de thoradh imthosca ar leith a dhéanann difear don tslándáil inmheánach. Déanfaidh an Coimisiún aon leasuithe den sórt sin a fhormheas.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh ***ról ag*** Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) agus an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) i bhforbairt ***na gclár ag céim luath***, i dtaca lena réimsí inniúlachta. Go sonrach, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le Europol maidir le dearadh a mbeart go háirithe agus bearta timthrialla beartais an Aontais nó EMPACT nó bearta a chomhordaíonn an Tascfhórsa Comhpháirteach in aghaidh na Cibearchoireachta á gcur san áireamh acu ina gcláir. Sula gcuirfidh siad an oiliúint san áireamh ina gcuid clár, comhordóidh na Ballstáit le CEPOL chun forluití a sheachaint. | 2. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (EPPO), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF (eu-LISA), an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (EBCGA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)*** agus an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) ***rannpháirteach i*** bhforbairt ***an chláir ón*** |

***tús*** a mhéid a bhaineann lena réimsí inniúlachta. Go sonrach, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le Europol maidir le dearadh a mbeart go háirithe agus gníomhaíochtaí timthrialla beartais an Aontais nó EMPACT nó gníomhaíochtaí a ndéanann an Tascfhórsa Comhpháirteach in aghaidh na Cibearchoireachta iad a chomhordú á gcur san áireamh acu ina gcláir. Sula gcuirfidh siad an oiliúint san áireamh ina gcuid clár, comhordóidh na Ballstáit le CEPOL chun forluití a sheachaint. ***Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha eile freisin, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, maidir le beartú a ngníomhaíochtaí.***

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh an Coimisiún ról a thabhairt do ***Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)***, ***Gníomhaireacht*** an Aontais ***Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)*** agus an ***Lárionad Faireacháin*** Eorpach ***um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA***), i gcás inarb iomchuí san fhaireachán agus sa mheastóireacht a shonraítear i Roinn 5 go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na gníomhaíochtaí a chuirfear chun feidhme le tacaíocht ón gCiste acquis ábhartha agus tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais. | 3. Féadfaidh an Coimisiún na ***Gníomhaireachtaí dá dtagraítear i mír 2***, an ***Bord*** Eorpach ***um Chosaint Sonraí*** agus ***an Maoirseoir*** Eorpach ***ar Chosaint Sonraí (EDPS***) a chomhlachtú, i gcás inarb iomchuí, sna cúraimí faireacháin agus meastóireachta amhail mar a shonraítear i Roinn 5 go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na gníomhaíochtaí a chuirfear chun feidhme le tacaíocht ón gCiste***, a thagann faoina sainordú,*** *acquis* ábhartha agus tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfar uasmhéid 15 % de leithdháileadh cláir Ballstáit a úsáid chun trealamh a cheannach, le haghaidh modhanna iompair nó chun saoráidí a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo a thógáil. Féadfar an t-uasmhéid seo a shárú i gcásanna cuí-réasúnaithe agus sna cásanna sin ***amháin***. | 4. Féadfar uasmhéid 15 % de leithdháileadh cláir Ballstáit a úsáid chun trealamh a cheannach, le haghaidh modhanna iompair nó chun saoráidí a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo a thógáil. Ní fhéadfar dul thar an uasmhéid sin ***ach amháin*** i gcásanna cuí-réasúnaithe ***agus i ndiaidh formheas a fháil ón gCoimisiún***. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tosaíochtaí agus acquis an Aontais i réimse na slándála, malartú ***faisnéise*** agus idir-inoibritheacht córais ***teicneolaíochta faisnéise***; | (a) tosaíochtaí agus *acquis* an Aontais i réimse na slándála, go háirithe ***an comhordú agus an comhar idir údaráis forfheidhmithe dlí agus malartú éifeachtúil*** faisnéise ***ábhartha agus cruinn*** agus ***cur chun feidhme chomhpháirteanna an chreata d'***idir-inoibritheacht córas ***faisnéise AE***; |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás inarb iomchuí, déanfar an clár a leasú chun na moltaí dá dtagraítear i mír 5 a chur san áireamh. Ag brath ar thionchar an choigeartaithe, ***féadfaidh*** an Coimisiún an clár athbhreithnithe a fhormheas. | 6. I gcás inar gá, leasófar an clár chun na moltaí dá dtagraítear i mír 5 a chur san áireamh ***mar aon leis an dul chun cinn i ngnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna arna mheasúnú sna tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht amhail dá dtagraítear in Airteagal 26(2)(a)***. Ag brath ar thionchar an choigeartaithe, ***déanfaidh*** an Coimisiún an clár athbhreithnithe a fhormheas ***i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar*** |

| | |
|---|---|
| | ***amach in Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. X [Rialachán na bhForálacha Coiteanna]***. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Nuair a chinnfidh Ballstát tionscadail a chur chun feidhme ***i gcomhar le*** tríú tír nó sa tríú tír sin le tacaíocht an Chiste rachaidh an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle leis an gCoimisiún sula gcuirfear tús leis an tionscadal. | 8. Aon uair a chinnfidh Ballstát tionscadail a chur chun feidhme ***i*** dtríú tír amhail dá dtagraítear in Airteagal 5, nó in***a leith***, le tacaíocht ón gCiste, rachaidh an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle leis an gCoimisiún sula gcuirfear tús leis an tionscadal. ***Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlántacht agus comhleanúnachas na dtionscadal arna mbeartú le gníomhaíochtaí eile an Aontais agus na mBallstát, i ndáil leis an tríú tír lena mbaineann. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún comhréireacht na dtionscadal arna moladh leis na ceanglais um chearta bunúsacha dá dtagraítear in Airteagal 3(4) a dhearbháil.*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. ***Bunófar clársceidealú dá dtagraítear*** in Airteagal ***17(5)*** de Rialachán (AE) Uimh. ***[Rialachán na bhForálacha Coiteanna] ar*** na cineálacha idirghabhála ***a leagtar amach*** i dTábla 1 d'Iarscríbhinn VI. | 9. I ***gcomhréir le*** hAirteagal ***17*** de Rialachán (AE) Uimh. ***X [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], le gach clár*** déanfar na cineálacha idirghabhála a leagan amach do gach cuspóir sonrach i ***gcomhréir le*** Tábla 1 d'Iarscríbhinn VI ***chomh maith le miondealú táscach ar na hacmhainní clársceidealaithe de réir chineál na hidirghabhála nó an réimse tacaíochta***. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. In 2024 déanfaidh an Coimisiún an méid breise dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(b) i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear i mír 2 d'Iarscríbhinn I a leithdháileadh ar chláir na mBallstát lena mbaineann. Beidh an cistiú éifeachtach maidir leis an tréimhse amhail ón mbliain féilire 2025. | 1. In 2024***, tar éis Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas***, déanfaidh an Coimisiún an méid breise dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(b) a leithdháileadh ar chláir na mBallstát lena mbaineann i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear i mír 2 d'Iarscríbhinn I. Beidh an cistiú éifeachtach maidir leis an tréimhse amhail ón mbliain féilire 2025. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Mura gcumhdaítear ***10 %*** de leithdháileadh tosaigh cláir dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(a) trí bhíthin iarratais ar íocaíocht eatramhach i gcomhréir le hAirteagal 85 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] ní bheidh an Ballstát i gceist incháilithe chun an leithdháileadh breise maidir leis an gclár dá dtagraítear i mír 1 a fháil. | 2. Murar cumhdaíodh ***30*** % ar a laghad de leithdháileadh tosaigh cláir dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(a) le hiarratais ar íocaíocht eatramhach arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 85 de Rialachán (AE) Uimh. ***X*** [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], ní bheidh an Ballstát lena mbaineann incháilithe chun an leithdháileadh breise don chlár dá dtagraítear i mír 1 a fháil. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Amhail ó 2025***, i gcás inarb iomchuí sin***, cuirfear san áireamh i leithdháileadh na gcistí ón tsaoráid théamach an dul chun cinn a dhéanfar maidir le garspriocanna an chreata | 3. Amhail ó 2025, cuirfear san áireamh i leithdháileadh na gcistí ón tsaoráid théamach an dul chun cinn a dhéanfar maidir le garspriocanna an chreata feidhmíochta amhail dá dtagraítear |

| | |
|---|---|
| feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] a ghnóthú agus maidir le laigí cur chun feidhme aitheanta. | in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. ***X*** [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] a ghnóthú agus maidir le heasnaimh cur chun feidhme shainaitheanta. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá tacaíocht oibriúcháin ina cuid de leithdháileadh Ballstáit is féidir a úsáid mar thacaíocht leis na húdaráis phoiblí atá freagrach as saothrú na gcúraimí agus na seirbhísí ar cuid de sheirbhís phoiblí don Aontas iad. | 1. Tá tacaíocht oibriúcháin ina cuid de leithdháileadh Ballstáit is féidir a úsáid mar thacaíocht do na húdaráis phoiblí atá freagrach as saothrú na gcúraimí agus na seirbhísí ar cuid de sheirbhís phoiblí don Aontas iad ***sa mhéid is go rannchuidíonn siad le hardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas ina iomláine***. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh Ballstát suas le ***10 %*** den mhéid a leithdháilfear faoin gCiste ar a chlár oibre a úsáid chun tacaíocht oibriúcháin a mhaoiniú do na húdaráis phoiblí atá freagrach as na cúraimí agus na seirbhísí ar seirbhís phoiblí don Aontas iad a shaothrú. | 2. Féadfaidh Ballstát suas le ***20%*** den mhéid a leithdháilfear faoin gCiste ar a chlár oibre a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar thacaíocht oibriúcháin do na húdaráis phoiblí atá freagrach as saothrú na gcúraimí agus na seirbhísí arb ionann iad agus seirbhís phoiblí don Aontas. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Léireoidh na Ballstáit sa chlár agus sna tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 26 an t-údar atá | 4. Léireoidh na Ballstáit sa chlár agus sna tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht, amhail dá dtagraítear in |

| | |
|---|---|
| le húsáid a bhaint as tacaíocht oibriúcháin chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach. Sula ndéanfaidh sé an clár a fhormheas, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcás bonnlíne sna Ballstáit a bhfuil curtha in iúl acu go bhfuil rún acu tacaíocht oibriúcháin a iarraidh, agus an fhaisnéis a chuirfidh na Ballstáit ar fáil mar aon le moltaí ó shásraí rialaithe cáilíochta agus meastóireachta amhail sásra meastóireachta Schengen agus sásraí rialaithe cáilíochta agus meastóireachta eile a chur san áireamh. | Airteagal 26, an t-údar atá le feidhm a bhaint as tacaíocht oibriúcháin chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach. Sula ndéanfaidh sé an clár a fhormheas, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcás bonnlíne sna Ballstáit a bhfuil sé curtha in iúl acu go bhfuil rún acu tacaíocht oibriúcháin a iarraidh, agus an fhaisnéis a sholáthróidh na Ballstáit sin mar aon le moltaí ó shásraí rialaithe cáilíochta agus meastóireachta amhail***:*** sásra meastóireachta Schengen***, an measúnú riosca agus leochaileachta ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (EBCGA)***, agus sásraí rialaithe cáilíochta agus meastóireachta eile á gcur san áireamh, ***de réir mar is infheidhme***. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Díreofar an tacaíocht oibriúcháin ar ***chúraimí agus seirbhísí sonracha*** mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VII***.*** | 5. Díreofar an tacaíocht oibriúcháin ar ***ghníomhaíochtaí*** mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VII. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 15a*** |
| | ***Infheictheacht, trédhearcacht agus cumarsáid*** |
| | ***Déanfaidh faighteoirí maoiniúcháin ón Aontas na ceanglais maidir le hinfheictheacht, trédhearcacht agus cumarsáid a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. X [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] a chomhlíonadh*** |

| | |
|---|---|
| | ***go hiomlán.*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Féadfaidh gníomhaireachtaí díláraithe a bheith incháilithe freisin do chistiú atá ar fáil faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí an Aontais chun tacú le gníomhaíochtaí trasnáisiúnta lena ngabhann breisluach Eorpach.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an gCiste féadfar tacú le bearta cúnaimh theicniúil arna gcur chun feidhme ar thionscnamh ón gCoimisiún, nó thar a cheann. Déanfar na bearta sin a mhaoiniú ar an ráta 100 %. | Leis an gCiste, féadfar tacú le bearta cúnaimh theicniúil arna gcur chun feidhme ar thionscnamh ón gCoimisiún, nó thar a cheann. Féadfar na bearta sin***, eadhon gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta, meastóireachta, cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais i réimse na slándála, infheictheachta agus gach gníomhaíocht riaracháin agus cúnaimh theicniúil is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí le tríú tíortha,*** a mhaoiniú ag ráta 100%. |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh faighteoir cistithe ón | 1. Déanfaidh faighteoir cistithe ón |

| | |
|---|---|
| Aontas ***aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh sé infheictheacht an chistithe ón Aontas go háirithe nuair a bhíonn*** na bearta agus a dtorthaí ***á bpoibliú*** trí fhaisnéis ***spriocdhírithe*** atá comhleanúnach, éifeachtach agus ***comhréireach*** a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal. | Aontas na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí ***a chur chun cinn*** trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus ***fónta*** a sholáthar d'iliomad sainghrúpaí éagsúla ***ábhartha***, lena n-áirítear na meáin agus an pobal, ***sa teanga ábhartha***. ***Chun infheictheacht cistiúcháin ón Aontas a áirithiú, déanfaidh faighteoirí cistiúcháin ón Aontas tagairt dá bhunús agus an ghníomhaíocht á cur in iúl acu. Chuige sin, in aon chraobhscaoileadh chun na meán nó chun an phobail i gcoitinne, áiritheoidh na faighteoirí go mbeidh suaitheantas an Aontais le sonrú agus go luafar go sainráite an tacaíocht airgeadais ón Aontas.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme bearta faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gCiste, agus lena bhearta agus torthaí. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gCiste seo, rannchuideofar freisin le cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a fhad a bhaineann siad le cuspóirí an Rialacháin seo**.** | 2. ***Chun an dream daoine is leithne agus is féidir a chur ar an eolas***, cuirfidh an Coimisiún chun feidhme bearta faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gCiste, agus lena bhearta agus torthaí. ***Go háirithe, foilseoidh an Coimisiún faisnéis i dtaca le forás chláir bhliantúla agus ilbhliantúla na saoráide téamaí. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún liosta na n-oibríochtaí arna roghnú le tacaíocht a fháil faoin tsaoráid théamach a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a bhfuil teacht ag an bpobal air agus déanfaidh sé an liosta sin a nuashonrú ar bhonn rialta.*** Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gCiste seo, rannchuideofar freisin le ***craobhscaoileadh,*** craobhscaoileadh corparáideach ***go háirithe,*** thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a fhad a bhaineann siad le cuspóirí an Rialacháin seo. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a fhoilsiú i bhformáidí oscailte, inneall-inléite trínar féidir sonraí a rangú, a chuardach, a bhaint amach, a chur i gcomórtas agus a athúsáid, amhail mar a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Threoir 2003/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]. Beifear in ann na sonraí a rangú de réir an mhéid seo a leanas: tosaíocht, cuspóir sonrach, costas incháilithe iomlán na n-oibríochtaí, costas iomlán na dtionscadal, costas iomlán na nósanna imeachta soláthair, ainm an tairbhí agus ainm an chonraitheora.*** |
| | ***[1a] Treoir 2003/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 345, 31.12.2003, lch. 90).*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Leis an gCiste cuirfear*** cúnamh airgeadais ar fáil chun dul i ngleic le riachtanais phráinneacha shonracha i gcás éigeandála ***a thiocfaidh as*** teagmhas slándáilbhunaithe ***nó*** bagairt nua atá ag teacht chun cinn faoi raon feidhme an Rialacháin seo a mbeidh tionchar neamhfhabhrach shuntasach aici ar shlándáil na ndaoine i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, nó a d'fhéadfadh an | 1. ***Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh*** cúnamh airgeadais a sholáthar ***ón gCiste*** chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha agus shonracha i gcás staid éigeandála ***lena bhfuil údar cuí. Is féidir na staideanna sin a bheith mar thoradh*** ar theagmhas a bhaineann leis an tslándáil**,** ar bhagairt nua atá ag teacht chun cinn ***nó ar leochaileacht a fionnadh le fíordheireanas*** a thagann faoi raon |

tionchar sin a bheith aici***;***

feidhme an Rialacháin seo ag a bhfuil tionchar neamhfhabhrach shuntasach ar shlándáil na ndaoine***, ar spásanna poiblí nó ar bhonneagar criticiúil*** i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, nó a bhféadfadh an tionchar sin a bheith aici. ***I gcásanna den sórt sin, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthúil.***

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. I gcás inar gá chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme, féadfar a chumhdach le cúnamh éigeandála caiteachas a thabhófar roimh an dáta faoina dtíolacfar an t-iarratas ar dheontas nó an iarraidh ar chúnamh, ach tráth nach luaithe ná an 1 Eanáir 2021.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh ***gníomhaíocht*** a fuair ranníocaíocht faoin gCiste ranníocaíocht a fháil freisin ó aon chlár eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí na costais chéanna. Beidh feidhm ag rialacha gach cláir de chuid an Aontais a dhéanann ranníocaíocht, maidir lena ranníocaíocht féin leis an mbeart. Ní rachaidh an cistiú carnach thar chostais incháilithe iomlána na ***gníomhaíochta*** agus féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn pro-rata i gcomhréir leis na doiciméid lena leagtar | 1. Féadfaidh ***oibríocht*** a fuair ranníocaíocht faoin gCiste ranníocaíocht a fháil freisin ó aon chlár eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí na costais chéanna. Beidh feidhm ag rialacha gach clár ranníocaíochta de chuid an Aontais maidir lena ranníocaíocht féin leis an ngníomhaíocht. Ní rachaidh an cistiú carnach thar chostais incháilithe iomlána na ***hoibríochta*** agus féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn *pro-rata* i gcomhréir leis na doiciméid lena leagtar amach na |

| | |
|---|---|
| amach na coinníollacha maidir le tacaíocht. | coinníollacha maidir le tacaíocht. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Seo a leanas ***gníomhaíochtaí*** a mbronntar dearbhú séala barr feabhais orthu, nó a chomhlíonann na coinníollacha carnacha, comparáideacha: | Seo a leanas ***oibríochtaí*** a mbronntar dearbhú séala barr feabhais orthu, nó a chomhlíonann na coinníollacha comparáideacha carnacha seo a leanas: |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| féadfaidh siad tacaíocht a fháil ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ón gCiste Comhtháthaithe, ó Chiste Sóisialta na hEorpa+ nó ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal 67 de Rialachán (AE) X [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus Airteagal 8 de Rialachán (AE) X [maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air], ar choinníoll go bhfuil ***gníomhaíochtaí*** den sórt sin comhleanúnach le cuspóirí an chláir lena mbaineann. Beidh feidhm ag rialacha an Chiste lena gcuirtear tacaíocht ar fáil. | féadfaidh siad tacaíocht a fháil ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ón gCiste Comhtháthaithe, ó Chiste Sóisialta na hEorpa+ nó ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal [67] de Rialachán (AE) X [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus Airteagal [8] de Rialachán (AE) X [maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air], ar choinníoll go bhfuil na ***hoibríochtaí*** sin comhleanúnach le cuspóirí an chláir lena mbaineann. Beidh feidhm ag rialacha an Chiste lena soláthraítear tacaíocht. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Leagtar amach in Iarscríbhinn VIII na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a | 3. Leagtar amach in Iarscríbhinn VIII na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a |

| | |
|---|---|
| dhéanamh ar dhul chun cinn an Chiste maidir le baint amach na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3. Maidir le táscairí aschuir, socrófar na bonnlínte ag nialas. Spriocanna carnacha a bheidh sna garspriocanna a shocraítear do 2024 agus sna spriocanna a shocraítear do 2029. | dhéanamh ar dhul chun cinn an Chiste ionsar bhaint amach na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3. Maidir le táscairí aschuir, socrófar na bonnlínte ag nialas. Spriocanna carnacha a bheidh sna garspriocanna a shocraítear do 2024 agus sna spriocanna a shocraítear do 2029. ***Arna iarraidh sin dóibh, déanfaidh an Coimisiún na sonraí a fuair sé maidir leis na táscairí aschuir agus toraidh a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Chun a áirithiú go measúnófar go héifeachtach dul chun cinn an Chiste i dtreo bhaint amach a chuspóirí, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 28, chun Iarscríbhinn VIII a leasú chun na táscairí a athbhreithniú nó a chomhlánú i gcás ina measfar gur gá, agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú, lena n-áirítear faisnéis tionscadail a bheidh le cur ar fáil ag na Ballstáit. | 5. Chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn an Chiste i dtreo bhaint amach a chuspóirí, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 chun Iarscríbhinn VIII a leasú chun na táscairí a athbhreithniú nó a chomhlánú i gcás ina measfar gur gá, agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú, lena n-áirítear faisnéis tionscadail a bheidh le cur ar fáil ag na Ballstáit. ***Cuirfear táscairí cáilíochtúla san áireamh sa mheasúnú.*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Déanfaidh*** an Coimisiún meastóireacht ***mheántéarma agus*** meastóireacht ***shiarghabhálach*** ar an Rialachán seo***, lena n-áirítear na*** | 1. ***Faoin 31 Nollaig 2024, tíolacfaidh*** an Coimisiún meastóireacht ***mheántéarma*** ar an Rialachán seo***. Sa mheastóireacht mheántéarma sin, scrúdófar éifeachtacht,*** |

| | |
|---|---|
| gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin gCiste seo. | ***éifeachtúlacht, ábharthacht agus comhleanúnachas an Chiste. Níos sonraí ná sin, áireofar inti measúnú ar an méid seo a leanas:***<br>***(a) an dul chun cinn ionsar ghnóthú chuspóirí an Rialacháin seo, agus an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil cheana, go háirithe na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 26 agus na táscairí aschuir agus toraidh a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, á cur san áireamh;***<br>***(b) an breisluach Eorpach a ghabhann le*** gníomhaíochtaí ***agus le hoibríochtaí*** a chuirtear chun feidhme faoin gCiste seo***;***<br>***(c) a iomchuí atá cur chun feidhme na mbeart a leagtar amach in Airteagal 3 a chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn;***<br>***(d) na tionchair níos fadtéarmaí agus na héifeachtaí inbhuanaitheachta a ghabhann leis an gCiste;***<br>***(e) an chomhlántacht agus an comhleanúnachas idir gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gCiste seo agus an tacaíocht a sholáthraítear le cistí eile de chuid an Aontais.*** |
| | ***Sa mheastóireacht mheántéarma éigeantach sin, cuirfear san áireamh torthaí siarghabhálacha meastóireachta ar thionchar fadtéarmach na hiar-ionstraime le haghaidh tacaíocht airgeadais don tslándáil inmheánach don tréimhse 2014-2020, eadhon an Ciste Slándála Inmheánaí-Póilíneacht. De réir mar is iomchuí, beidh togra reachtach le haghaidh athbhreithniú ar an Rialachán seo ag gabháil leis an meastóireacht.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Faoin 31 Eanáir 2030, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht shiarghabhálach ar an Rialachán seo. Faoin dáta céanna, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ina n-áiritheofar na gnéithe a liostaítear i mír 1. I dtaca leis sin, déanfar meastóireacht ar thionchair níos fadtéarmaí na hionstraime d'fhonn rannchuidiú le cinneadh maidir le hathnuachan nó modhnú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar chiste eile.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfar*** meastóireacht mheántéarmach shiarghabhálach ***go tráthúil chun cur leis an bpróiseas cinnteoireachta i gcomhréir leis an amlíne a leagtar amach in Airteagal 40 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán na bhForálacha Coiteanna].*** | 2. Déanfar an mheastóireacht mheántéarmach agus shiarghabhálach ***a chur fáil don phobal agus a thíolacadh don Pharlaimint gan mhoill chun trédhearcacht iomlán a áirithiú. Áiritheoidh an Coimisiún nach n-áireofar faisnéis sna meastóireachtaí a bhféadfadh a scaipeadh sin a bheith faoi deara gábh a bheith ann do shábháilteacht nó do phríobháideacht daoine aonair nó oibríochtaí slándála a chur i mbaol.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 15 Feabhra 2023 agus faoin dáta céanna gach bliain ina dhiaidh sin go 2031 agus an bhliain sin san áireamh cuirfidh na Ballstáit an tuarascáil bhliantúil | 1. Faoin 15 Feabhra 2023 agus faoin dáta céanna gach bliain ina dhiaidh sin go 2031, agus an bhliain sin san áireamh, déanfaidh na Ballstáit an tuarascáil |

| | |
|---|---|
| ar fheidhmíocht chuig an gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 36(6) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán na bhForálacha Coiteanna]. Leis an tuarascáil a thíolacfar in 2023 cumhdófar cur chun feidhme an chláir go dtí an 30 Meitheamh 2022. | bhliantúil ar fheidhmíocht amhail dá dtagraítear in Airteagal 36(6) de Rialachán (AE) Uimh. ***X*** [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] a thíolacadh don Choimisiún. Leis an tuarascáil a thíolacfar in 2023, cumhdófar cur chun feidhme an chláir go dtí an 30 Meitheamh 2022. ***Déanfaidh na Ballstáit na tuarascálacha sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin tiomnaithe agus cuirfidh siad ar aghaidh iad chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) miondealú ar chuntais bhliantúla an chláir náisiúnta de réir aisghabhálacha, réamh-mhaoiniú tairbhithe deiridh agus caiteachas a tabhaíodh iarbhír;*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht an chláir agus na bearta a rinneadh chun dul i ngleic leo; | (b) aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht an chláir agus na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt orthu***, lena n-áirítear tuairimí réasúnaithe ón gCoimisiún i ndáil le nós imeachta um shárú faoi Airteagal 258***; |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an chomhlántacht idir na bearta a dtugtar tacaíocht dóibh leis an gCiste agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil ó chistí Aontais eile, go háirithe bearta i dtríú tíortha nó maidir le tríú tíortha***;*** | (c) an chomhlántacht***, an comhordú agus an comhleanúnachas*** idir na bearta a dtugtar tacaíocht dóibh leis an gCiste agus an tacaíocht a sholáthraítear le cistí eile de chuid an Aontais, go háirithe bearta i dtríú tíortha nó maidir le tríú tíortha**.** |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) comhlíonadh na gceanglas um chearta bunúsacha;*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. An túisce a ghlacfar leo, déanfaidh an Coimisiún achoimrí ar na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus foilseoidh sé ar shuíomh gréasáin tiomnaithe iad. Mura ndéanfaidh na Ballstáit é a chur ar aghaidh i gcomhréir le mír 1, déanfar téacs iomlán na dtuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle arna iarraidh sin dóibh.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 12, 15, 24 agus 27 a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2028. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail ***8,*** 12, 15, 24 agus 27 a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2028. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir leis an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 12, 15, 24, agus 27, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean sin a chúlghairm aon tráth. Leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ar an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos faide anonn a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Maidir leis an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagail ***8,*** 12, 15, 24, agus 27, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean sin a chúlghairm aon tráth. Leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 12, 15, 24 agus 27 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail ***8,*** 12, 15, 24 agus 27 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go |

| | |
|---|---|
| mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. I gcás nach dtugann an coiste achomhairc tuairim uaidh, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme. Ní bheidh feidhm ag an méid sin maidir le gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 26(4) a ghlacadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[...]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gníomhaíochtaí a gheobhaidh tacaíocht ón gCiste i gcomhréir le hAirteagal 4 | ***Samplaí de*** ghníomhaíochtaí ***incháilithe*** a gheobhaidh tacaíocht ón gCiste i gcomhréir le hAirteagal 4**.** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – an chuid réamhráiteach (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Féadfar tacaíocht ón gCiste Slándála Inmheánaí a dhíriú, inter alia, ar na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas:*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – fleasc 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| — Córais agus líonraí TF a rannchuidíonn le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo, oiliúint ar úsáid na gcóras sin, idir-inoibritheacht agus cáilíocht sonraí na gcóras sin a thástáil agus a fheabhsú; | — córais agus líonraí TF ***a chur ar bun*** lena rannchuidítear le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo, oiliúint ar úsáid na gcóras sin, idir-inoibritheacht, ***comhpháirteanna*** agus cáilíocht sonraí na gcóras sin a thástáil agus a fheabhsú; |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – fleasc 2**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| — faireachán ar an gcaoi a gcuirtear dlí an Aontais agus cuspóirí beartais an Aontais chun feidhme sna Ballstáit i réimse na gcóras faisnéise slándála; | — faireachán ar chur chun feidhme dhlí an Aontais agus cuspóirí beartais an Aontais sna Ballstáit i réimse na gcóras faisnéise slándála***, go háirithe cosaint sonraí, príobháideacht agus slándáil sonraí***; |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – fleasc 3 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***— tacaíocht do ghníomhaireachtaí diláraithe d'fhonn comhar a éascú le linn oibríochtaí trasteorann;*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – fleasc 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — gníomhaíochtaí lena dtacaítear le freagairt éifeachtach chomhordaithe a thabhairt i gcásanna géarchéime trína nascfar le chéile na sainchumais, na lárionaid saineolais agus na lárionaid feasachta staide atá ann cheana de réir na hearnála, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an tsláinte, leis an gcosaint shibhialta ***agus*** leis an sceimhlitheoireacht; | — gníomhaíochtaí lena dtacaítear le freagairt éifeachtach agus chomhordaithe a thabhairt i gcásanna géarchéime trína nascfar le chéile na sainchumais, na lárionaid saineolais agus na lárionaid feasachta staide atá ann cheana de réir na hearnála, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an tsláinte, leis an gcosaint shibhialta***,*** leis an sceimhlitheoireacht ***agus leis an gcibearchoireacht***; |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – fleasc 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***— gníomhaíochtaí trína gcuirtear chun cinn taighde agus malartú saineolais lena bhfeabhsaítear an athléimneacht i gcoinne bagairtí atá ag teacht chun cinn lena n-áirítear gáinneáil trí bhealaí ar líne, bagairtí ilchineáil, agus le bagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – fleasc 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***— gníomhaíochtaí agus líonraí pointí teagmhála náisiúnta lena n-éascaítear malartú trasteorann sonraí arna bhfáil ag*** |

| | |
|---|---|
| | ***córais faireachais, amhail grianghrafadáin agus braiteoirí eile, i gcumasc le halgartaim de chuid na hintleachta saorga, faoi réir coimircí stóinseacha, lena n-áirítear íoslaghdú sonraí, réamh-bhailíochtú ag údarás breithiúnach, agus rochtain ar shásamh breithiúnach;*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – fleasc 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***— tacaíocht do thionscnaimh chun seirbhísí faisnéise na mBallstát a líonrú chun cultúr coiteann faisnéise a chothú, iontaoibh fhrithpháirteach agus malartú agus scaipeadh saineolais, faisnéise, taithí agus dea-chleachtais a fheabhsú;*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – fleasc 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***— oideachas agus oiliúint a chur ar bhaill foirne agus ar shaineolaithe údarás ábhartha forfheidhmithe dlí agus breithiúnach agus gníomhaireachtaí riaracháin ábhartha maidir le beartais choisc agus béim ar leith ar oiliúint um chearta bunúsacha, lena n-áirítear bearta chun ciníochas a bhrath agus a sheachaint, agus malartú dea-chleachtas;*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – fleasc 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — comhar leis an earnáil phríobháideach chun an mhuinín a thógáil agus feabhas a chur ar an gcomhordú, ar an bpleanáil teagmhais agus ar mhalartú agus scaipeadh na faisnéise agus na gcleachtas is fearr i measc ghníomhaithe poiblí agus ghníomhaithe príobháideacha, lena n-áirítear ***le linn spásanna poiblí agus*** bonneagar criticiúil a chosaint***;*** | — comhar leis an earnáil phríobháideach***, go háirithe i réimse na cibearshlándála,*** chun an mhuinín a thógáil agus feabhas a chur ar an gcomhordú, ar an bpleanáil theagmhasach agus ar mhalartú agus scaipeadh na faisnéise agus na gcleachtas is fearr i measc ghníomhaithe poiblí agus ghníomhaithe príobháideacha, lena n-áirítear bonneagar criticiúil a chosaint; |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh cómhaoinithe níos airde i gcomhréir le hAirteagal ***11(2) agus Airteagal 12(6)*** | Gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh cómhaoiniú níos airde i gcomhréir le hAirteagail ***11(3) agus 12(7)*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — Tionscadail arb é is aidhm dóibh an radacú a chosc agus a throid. | — Tionscadail arb é is aidhm dóibh ***antoisceachas an fhoréigin, lena n-áirítear*** radacú***, éadulaingt agus idirdhealú, a chosc agus a chomhrac, go háirithe bearta chun aghaidh a thabhairt ar a mbunchúiseanna sin agus chun radacú a chosc i gcarcracha, agus tionscadail lena soláthraítear oiliúint shonrach i gcomhair údaráis forfheidhmithe dlí***. |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IV – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — Tionscadail arb é is aidhm dóibh idir-inoibritheacht chórais TF agus líonraí cumarsáide a fheabhsú.[41] | — Tionscadail arb é is aidhm dóibh idir-inoibritheacht chórais TF agus líonraí cumarsáide a fheabhsú***, sa mhéid go ndéantar foráil dóibh sin le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit***. |
| [41] I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le córais faisnéise níos láidre agus níos cliste do theorainneacha agus don tslándáil COM(2016) 205. | [41] I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le córais faisnéise níos láidre agus níos cliste do theorainneacha agus don tslándáil COM(2016) 205. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – fleasc 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***— Tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo struchtúir de chuid na coireachta eagraithe atá mós contúirteach de réir EMPACT a chomhrac.*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – fleasc 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***— Tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac, go háirithe teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar líne, lena n-áirítear bearta chun cosc a chur ar ionsaithe ar chórais faisnéise agus ar bhonneagar criticiúil trí leochaileachtaí a bhrath agus a dhíbirt.*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***— Tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo an gháinneáil trí bhealaí ar líne a chomhrac.*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – cuid 2 – pointe 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Luach ***na n-urghabhálacha drugaí*** neamhdhleathacha arna mbaint amach le comhar trasteorann idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí. | Luach ***urghabhálacha drugaí*** neamhdhleathacha, ***arm, táirgí fiadhúlra agus an gháinneáil ar earraí cultúrtha*** arna mbaint amach le comhar trasteorann idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ***arna gcur chun feidhme le tacaíocht ón gCiste***. |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – cuid 3 – pointe 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Líon na mbonneagar criticiúil ***agus na spásanna poiblí*** a bhfuil feabhas curtha ar a gcosaint i gcoinne teagmhas a bhaineann leis an tslándáil le cabhair ón gCiste. | Líon ***na spásanna poiblí agus méid*** na mbonneagar criticiúil a bhfuil feabhas curtha ar a gcosaint ar theagmhais a bhaineann leis an tslándáil le cabhair ón gCiste. |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – tábla 1 – Cóid do Dhiminsean an Réimse Idirghabhála – ró 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10a OC - Sciúradh na bhfáltas ó choireacht*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – tábla 1 – Cóid do Dhiminsean an Réimse Idirghabhála – ró 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12a An gháinneáil ar earraí cultúrtha*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – tábla 1 – Cóid do Dhiminsean an Réimse Idirghabhála – ró 12 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12b An gháinneáil ar speicis atá i mbaol*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – tábla 1 – Cóid do Dhiminsean an Réimse Idirghabhála – ró 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* |
|---|

*Leasú*

***24a CC - Dáileadh íomhánna de mhí-úsáid leanaí agus pornagrafaíochta leanaí***

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – cuid 1 – pointe 1 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) líon na gcuardach a dhéanfar i gCóras Faisnéise Schengen (SIS); | (a) líon na ***bhfoláireamh a thabharfar isteach agus*** líon na gcuardach a dhéanfar i gCóras Faisnéise Schengen (SIS); |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – cuid 1 – pointe 1 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) líon na gcuardach arna ndéanamh sa Chóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla do náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN).*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – cuid 1 – pointe 2 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Líon na nasc nua a rinneadh le tacaíocht ón gCiste ***idir*** bunachair shonraí a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo: | Líon na nasc nua a rinneadh le tacaíocht ón gCiste ***idir údaráis inniúla agus*** sonraí a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo: |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – cuid 2 – pointe 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Luach ***na n-urghabhálacha drugaí*** neamhdhleathacha arna mbaint amach le comhar trasteorann idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí. | Luach ***urghabhálacha drugaí*** neamhdhleathacha***, arm, táirgí fiadhúlra agus an gháinneáil ar earraí cultúrtha*** arna mbaint amach le comhar trasteorann idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – cuid 2 – pointe 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| foinse sonraí: Ballstáit, tairbhithe deontais ghníomhaíochta an Aontais | foinse sonraí: ***Europol,*** Ballstáit, tairbhithe deontais ghníomhaíochta an Aontais |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – cuid 3 – pointe 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| foinse sonraí: Ballstáit | foinse sonraí: Ballstáit***, Europol, ENISA*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – cuid 3 – pointe 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Líon íospartach na coireachta ar tugadh cúnamh dóibh le tacaíocht ón gCiste, de réir an chineáil coireachta (gáinneáil ar dhaoine**,** smuigleáil imirceach, an sceimhlitheoireacht, an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, an chibearchoireacht, dúshaothrú gnéasach leanaí)**.** | Líon íospartach na coireachta ar tugadh cúnamh dóibh le tacaíocht ón gCiste, de réir an chineáil coireachta (gáinneáil ar dhaoine ***agus ar bhaill bheatha,*** smuigleáil imirceach, an sceimhlitheoireacht, an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, an chibearchoireacht, ***teacht i dtír gnéasach agus*** dúshaothrú gnéasach leanaí***, céasadh nó íde atá mídhaonna nó táireach)*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – cuid 3 – pointe 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Líon na mbonneagar criticiúil ***agus na spásanna poiblí*** a bhfuil feabhas curtha ar a gcosaint i gcoinne teagmhas a bhaineann leis an tslándáil le cabhair ón gCiste. | Líon ***na spásanna poiblí agus méid*** na mbonneagar criticiúil a bhfuil feabhas curtha ar a gcosaint ar theagmhais a bhaineann leis an tslándáil le cabhair ón gCiste***;*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – cuid 3 – pointe 14 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) líon na n-amas ar shuíomh gréasáin an Líonra um Fheasacht ar an Radacú (RAN);*** | ***scriosta*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – cuid 3 – pointe 14 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) líon na gcuairteanna staidéir, na seisiún oiliúna, na gceardlann agus na seisiún comhairleoireachta arna gcur i gcrích sna Ballstáit i ndlúthchomhar leis na hÚdaráis náisiúnta de réir na dtairbhithe (údaráis forfheidhmithe dlí, eile). | (c) líon na gcuairteanna staidéir, na seisiún oiliúna, na gceardlann agus na seisiún comhairleoireachta arna gcur i gcrích sna Ballstáit i ndlúthchomhar leis na hÚdaráis náisiúnta miondealaithe de réir na dtairbhithe (údaráis forfheidhmithe dlí, eile) ***agus aiseolas ó na rannpháirtithe***. |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – cuid 3 – pointe 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| foinse sonraí: An Líonra um Fheasacht ar an Radacú (RAN) | foinse sonraí: RAN***, Ballstáit*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – pointe 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuspóir sonrach 3 a: Cultúr coiteann faisnéise a fhorbairt*** <br> ***(15a) Líon na malartuithe idir na Ballstáit i réimse na faisnéise.*** <br> ***(15b) Líon na n-oifigeach forfheidhmithe dlí agus faisnéise atá rannpháirteach in oiliúint, i gcleachtaí, i gcláir foghlama frithpháirtigh nó i gcláir speisialaithe malartaithe maidir le saincheisteanna trasteorann arna n-eagrú le tacaíocht ón gCiste.*** <br> ***foinse sonraí: Ballstáit*** |

21.11.2018

**TUAIRIM ÓN GCOISTE UM BUISÉID**

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí
(COM(2018)0472 – C8-0267/2018 – 2018/0250(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Urmas Paet

## RÉASÚNÚ GEARR

Níl aon teorainn leis na bagairtí dár slándáil, ar bagairtí iad atá ag éirí níos ilchineálaí agus níos casta agus tá sé bunriachtanach go bhfreagrófaí dóibh ar bhealach comhordaithe ar leibhéal AE agus go ndaingneofaí an tacaíocht airgeadais agus theicniúil a sholáthraítear do na Ballstáit.

Dá bhrí sin, tacaíonn an Rapóirtéir leis an togra ón gCoimisiún, ina bhfuil sé beartaithe don tréimhse 2021-2027 níos mó ná dúbailt an bhuiséid a sholáthar don Chiste Slándála Inmheánaí, arb é sin ionstraim an Aontais chun éascú a dhéanamh ar an gcomhar agus ar oibríochtaí comhpháirteacha trasteorann, chun malartú faisnéise a threisiú agus chun cumais a neartú ar mhaithe le coireacht eagraithe agus cibearchoireacht a chosc agus a chomhrac, agus le dul i ngleic le sceimhlitheoireacht agus le radacú. Is mian leis an Rapóirtéir béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le bainistiú géarchéime lena n-áirítear cosc, ullmhacht, teacht aniar agus bainistiú iarmhairtí, ar gá é a chur san áireamh sna cuspóirí beartais den Chiste nua mar is gnéithe bunriachtanacha iad chun an tslándáil inmheánach a áirithiú.

I bhfianaise na dtorthaí ón meastóireacht eatramhach a rinneadh ar an CSI-P reatha, an príomhdhúshlán a bheidh ann don chéad tréimhse eile ná níos mó solúbthachta agus éifeachtúlachta a áirithiú sa Chiste agus an t-ualach riaracháin a íoslaghdú go dtí leibhéal íosta. Measann an Rapóirtéir gurb é sin an phríomhthosaíocht agus is díol sásaimh dó na tograí ón gCoimisiún mar gur céim sa treo ceart iad. Tá sé mar aidhm leis na leasuithe atá beartaithe cur le solúbthacht a mhéid a bhaineann leis na bearta agus na gníomhaíochtaí cur chun feidhme. Tá sé chomh tábhachtach céanna go n-áiritheofaí go mbeadh na ceanglais thuairiscithe comhréireach, ábhartha agus nach gcuirfidís leis an ualach riaracháin atá ar thairbhithe agus ar údaráis riaracháin.

Is saincheist leathan í saincheist na slándála, agus mar atá luaite ag an gCoimisiún, is díol sásaimh iad sinéirgí sa bhreis agus comhleanúnachas ISF le hionstraimí AE eile, agus tá gá

leo. Ar an gcaoi chéanna, bíonn tionchar ag slándáil ar an leibhéal domhanda agus ag gníomhaíochtaí níos faide anonn ná teorainneacha AE ar shlándáil inmheánach an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart go leanfaí de bhearta i ndáil le tríú tíortha agus go dtacófaí leo tríd an gCiste agus is gá go mbeidís ag comhlánú thosaíochtaí slándála inmheánaí an Aontais agus chuspóirí beartais sheachtraigh na dtíortha sin.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ba cheart cuspóir an Aontais maidir le hardleibhéal slándála a áirithiú laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais de bhun Airteagal 67(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a bhaint amach, inter alia, trí bhíthin beart d'fhonn an choireacht a chosc agus a chomhrac agus trí bhíthin beart ar mhaithe le comhordú agus le comhar idir údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus údaráis náisiúnta eile de chuid na mBallstát, lena n-áirítear gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, agus le tríú tíortha ábhartha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. | (4) Ba cheart cuspóir an Aontais maidir le hardleibhéal slándála a áirithiú laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais de bhun Airteagal 67(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a bhaint amach, *inter alia*, trí bhíthin beart chun an choireacht a chosc agus a chomhrac agus trí bhíthin beart ar mhaithe le comhordú agus le comhar idir údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus údaráis náisiúnta eile de chuid na mBallstát, lena n-áirítear gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, agus le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha***, agus bainistiú géarchéime sibhialtaí***. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Chun an cuspóir seo a bhaint amach, ní mór beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun daoine agus earraí a chosaint ar bhagairtí atá níos | (5) Chun an cuspóir seo a bhaint amach, ní mór gníomhaíochtaí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun daoine agus earraí a chosaint ar bhagairtí atá, níos mó |

| | |
|---|---|
| trasnáisiúnta ina gcineál i gcónaí agus chun tacú leis an obair a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát. Bíonn an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe agus an choireacht eagraithe, an choireacht ghluaisteach, an gháinneáil ar dhrugaí, an t-éilliú, an chibearchoireacht, an gháinneáil ar dhaoine agus ar airm, inter alia, ina ndúshláin i gcónaí maidir le slándáil inmheánach an Aontais. | ná riamh, níos trasnáisiúnta ina gcineál agus chun tacú leis an obair a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát. Tá an sceimhlitheoireacht, an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, an choireacht ghluaisteach, an gháinneáil ar dhrugaí, an t-éilliú, an chibearchoireacht, ***bagairtí ilchineáil,*** an gháinneáil ar dhaoine agus ar airm, *inter alia*, ina ndúshláin i gcónaí do shlándáil inmheánach an Aontais. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) I gcomhréir leis na tosaíochtaí comhroinnte a sainaithníodh ar leibhéal an Aontais chun ardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas, tacóidh an Ciste le gníomhaíochtaí atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na príomhbhagairtí slándála agus go háirithe le dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht thromchúiseach agus an chibearchoireacht agus le cúnamh a thabhairt d'íospartaigh na coireachta agus iad a chosaint. Áiritheofar leis an gCiste go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Aontas agus na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn d'fhonn fíoraontas slándála a chur chun feidhme. Ba cheart é sin a shaothrú trí bhíthin cúnamh airgeadais chun tacú le malartú faisnéise níos fearr, an comhar oibríochtúil a mhéadú agus cumais náisiúnta agus chomhchoiteanna a fheabhsú. | (11) I gcomhréir leis na tosaíochtaí comhroinnte a sainaithníodh ar leibhéal an Aontais chun ardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas, tacóidh an Ciste le gníomhaíochtaí atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na príomhbhagairtí slándála agus go háirithe le dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus an radacú, leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe, leis an gcibearchoireacht agus ar chúnamh a thabhairt d'íospartaigh na coireachta agus ar iad gcosaint. Áiritheofar leis an gCiste go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Aontas agus na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn***, lena n-áirítear bagairtí ilchineáil,*** d'fhonn fíoraontas slándála a chur chun feidhme. Ba cheart é sin a shaothrú trí bhíthin cúnamh airgeadais chun tacú le malartú faisnéise níos fearr, an comhar oibríochtúil a mhéadú agus cumais náisiúnta agus chomhchoiteanna a fheabhsú. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Faoi chuimsiú chreat cuimsitheach an Chiste, ba cheart don chúnamh airgeadais a chuirtear ar fáil faoin Ionstraim tacú le comhar póilíneachta agus breithiúnach, cosc i réimse na coireachta tromchúisí agus eagraithe, gáinneáil ar armáin neamhdhleathacha, éilliú, sciúradh airgid, gáinneáil ar dhrugaí, an choireacht comhshaoil, malartú faisnéise agus rochtain uirthi, an sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhaoine, dúshaothrú na himirce ***neamhdhleathaí***, dúshaothrú gnéasacha leanaí, dáileadh íomhánna de mhí-úsáid leanaí agus pornagrafaíochta leanaí agus an chibearchoireacht. Leis an gCiste ba cheart tacú le daoine, spásanna poiblí agus bonneagar criticiúil a chosaint ar theagmhais slándáilbhunaithe agus tacú le bainistiú éifeachtach rioscaí agus géarchéimeanna slándáilbhunaithe, lena n-áirítear trí chomhbheartais (straitéisí, timthriallacha beartais, cláir agus pleananna gníomhaíochta), reachtaíocht agus comhar praiticiúil a fhorbairt. | (12) Faoi chuimsiú chreat cuimsitheach an Chiste, ba cheart don chúnamh airgeadais a sholáthraítear faoin Ionstraim tacú le comhar póilíneachta agus breithiúnach agus cosc i réimsí na coireachta tromchúisí agus eagraithe, na gáinneála ar armáin neamhdhleathacha, an éillithe, an sciúrtha airgid, na gáinneála ar dhrugaí, na coireachta comhshaoil, an mhalartaithe faisnéise agus na rochtana uirthi, na sceimhlitheoireachta, na gáinneála ar dhaoine, dhúshaothrú na himirce ***neamhrialta***, an dúshaothraithe ghnéasaigh leanaí, an dáilte íomhánna de mhí-úsáid leanaí agus pornagrafaíochta leanaí agus na cibearchoireachta. Leis an gCiste ba cheart tacú freisin le daoine, spásanna poiblí agus bonneagar criticiúil a chosaint ar theagmhais a bhaineann le slándáil agus tacú le bainistiú éifeachtach rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann le slándáil, lena n-áirítear trí chomhbheartais (straitéisí, timthriallacha beartais, cláir agus pleananna gníomhaíochta), reachtaíocht agus comhar praiticiúil a fhorbairt. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Mar léiriú ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais maidir le Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, rannchuideoidh an ionstraim seo le gníomhaíochtaí aeráide príomhshrutha agus le sprioc fhoriomlán a bhaint amach, is é sin go n-úsáidfear 25% den chaiteachas i mbuiséad AE chun tacú le cuspóirí | (45) Mar léiriú ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais maidir le Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, rannchuideoidh an Ciste seo le príomhshruthú na ngníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide agus le sprioc fhoriomlán a bhaint amach, is é sin go n-úsáidfí 25% den chaiteachas i mbuiséad |

| | |
|---|---|
| aeráide. Déanfar gníomhaíochtaí ábhartha a shainaithint nuair a bheidh an Ciste á ullmhú agus á chur chun feidhme, agus déanfar iad a athmheas i gcomhthéacs na meastóireachtaí ábhartha agus na bpróiseas athbhreithnithe. | AE chun tacú le cuspóirí aeráide ***thar thréimhse CAI 2021-2027 agus le sprioc bhliantúil 30 % a bhaint amach a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí faoi 2027***. Déanfar gníomhaíochtaí ábhartha a shainaithint le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chiste, agus déanfar iad a athmheas i gcomhthéacs na meastóireachtaí agus na bpróiseas athbhreithnithe ábhartha. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é cuspóir beartais an Chiste cuidiú le hardleibhéal slándála san Aontas a áirithiú, go háirithe tríd an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht thromchúiseach ***eagraithe agus an chibearchoireacht*** a chomhrac agus trí chúnamh a thabhairt d'íospartaigh na coireachta agus iad a chosaint. | 1. Is é a bheidh i gcuspóir beartais an Chiste ná rannchuidiú le hardleibhéal slándála san Aontas a áirithiú, go háirithe trí dhul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus an radacú, leis an gcoireacht thromchúiseach, ***eagraithe agus idirnáisiúnta, leis an gcibearchoireacht, leis an ngáinneáil ar dhrugaí agus ar bhaill an duine*** agus trí chúnamh a thabhairt d'íospartaigh na coireachta agus iad a chosaint. ***Tacóidh an Ciste freisin leis an ullmhacht do rioscaí agus do ghéarchéimeanna a bhaineann leis an tslándáil agus le bainistiú na rioscaí agus na ngéarchéimeanna sin.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí an Aontais agus údaráis inniúla eile agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais agus laistigh díobh agus le heagraíochtaí tríú tír agus idirnáisiúnta, an malartú sin a mhéadú; | (a) an malartú faisnéise i measc údaráis forfheidhmithe dlí an Aontais agus údaráis inniúla eile agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, agus laistigh díobh***, lena n-áirítear trí bhearta agus gníomhaíochtaí seachtracha***, agus le tríú |

| | |
|---|---|
| | tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, a mhéadú; |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tacú leis an iarracht treisiú leis na cumais i dtaca leis an gcoireacht a chomhrac agus a chosc lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht go háirithe trí bhíthin comhar méadaithe idir údaráis phoiblí, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe príobháideacha ar fud na mBallstát. | (c) tacú leis an iarracht treisiú leis na cumais i dtaca leis an gcoireacht a chomhrac agus a chosc lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht go háirithe trí bhíthin comhar méadaithe idir údaráis phoiblí, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe príobháideacha ar fud na mBallstát***, agus bainistiú géarchéime sibhialtaí***. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Faoi na cuspóirí sonracha a leagtar amach i mír 2, déanfar an Ciste a chur chun feidhme trí bhíthin na mbeart cur chun feidhme a liostaítear in Iarscríbhinn II. | 3. Faoi na cuspóirí sonracha a leagtar amach i mír 2, déanfar an Ciste a chur chun feidhme, ***inter alia***, trí bhíthin na mbeart cur chun feidhme a liostaítear in Iarscríbhinn II. |

*Réasúnú*

*Níor cheart go mbeadh na bearta agus na gníomhaíochtaí cur chun feidhme a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III faoi seach ina liostaí uileghabhálacha ach go mbeidís ann mar threoir nó mar shraith samplaí, arb iadsan na cinn is inmhianaithe dar leis an gCoimisiún Eorpach. Má mheastar go bhfuil gá leis, áfach, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann bearta ábhartha eile a roghnú laistigh de chuspóirí an Chiste.*

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoi na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 agus i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme a liostaítear in Iarscríbhinn II tacófar leis an gCiste go háirithe leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn III. | 1. Faoi na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 agus***, i gcás inarb iomchuí,*** i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme a liostaítear in Iarscríbhinn II, leis an gCiste, tacófar go háirithe leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn III. |

*Réasúnú*

*Níor cheart go mbeadh na bearta agus na gníomhaíochtaí cur chun feidhme a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III faoi seach ina liostaí uileghabhálacha ach go mbeidís ann mar threoir nó mar shraith samplaí, arb iadsan na cinn is inmhianaithe dar leis an gCoimisiún Eorpach. Má mheastar go bhfuil gá leis, áfach, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann bearta ábhartha eile a roghnú laistigh de chuspóirí an Chiste.*

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é EUR 2 500 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme na hionstraime don tréimhse 2021–2027. | 1. Is é EUR ***2 209 725 000 i bpraghsanna 2018 (EUR*** 2 500 000 000 i bpraghsanna reatha***)*** a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chiste don tréimhse 2021–2027. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Déanfar EUR 1 500 000 000 a leithdháileadh ar na cláir a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte. | (a) Déanfar ***EUR 1 325 835 000 i bpraghsanna 2018 (***EUR 1 500 000 000 ***i bpraghsanna reatha)*** a leithdháileadh ar na cláir a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte; |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Déanfar EUR 1 000 000 000 a leithdháileadh ar an tsaoráid théamach. | (b) Déanfar ***EUR 883 890 000 i bpraghsanna 2018 (***EUR 1 000 000 000 ***i bpraghsanna reatha)*** a leithdháileadh ar an tsaoráid théamach. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Ar thionscnamh na mBallstát, féadfar an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a mhéadú go 100 % den chaiteachas incháilithe iomlán i gcás cúnamh teicniúil.*** |

*Réasúnú*

*Áiríodh sna rialacha cur chun feidhme le haghaidh chistí Ard-Stiúrthóireacht HOME faoin dá thréimhse dheireanacha mhaoiniúcháin go bhféadfadh na Ballstáit maoiniú a dhéanamh ar chúnamh teicniúil ar thionscnamh na mBallstát suas le 100% ó bhuiséad an Aontais. Níl sé beartaithe leis an togra reatha go mbeadh an rogha sin ann ar an ábhar go leanann na rialacha rialachán RFC. I bhfianaise na leithdháiltí faoi chistí Ard-Stiúrthóireacht HOME a bheith an-bheag i gcomórtas leis na cistí struchtúracha agus infheistíochta, ach go bhfuil an t-ualach riaracháin i gcomhréir le RFC níos airde fiú sa chéad tréimhse eile, ba cheart go mbeadh feidhm ag an bhforáil sin freisin maidir leis an tréimhse 2021+.*

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí |
| **Tagairtí** | COM(2018)0472 – C8-0267/2018 – 2018/0250(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>2.7.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>2.7.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Urmas Paet<br>28.6.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 25.9.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 21.11.2018 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 25<br>–: 2<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nedzhmi Ali, Jean Arthuis, Richard Ashworth, Gérard Deprez, Manuel dos Santos, André Elissen, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, John Howarth, Bernd Kölmel, Zbigniew Kuźmiuk, Vladimír Maňka, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Urmas Paet, Răzvan Popa, Paul Rübig, Petri Sarvamaa, Jordi Solé, Patricija Šulin, Eleftherios Synadinos, Inese Vaidere, Daniele Viotti, Tiemo Wölken, Stanisław Żółtek |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karine Gloanec Maurin, Tomáš Zdechovský |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 25 | + |
|---|---|
| ALDE | Nedzhmi Ali, Jean Arthuis, Gérard Deprez, Urmas Paet |
| ECR | Bernd Kölmel, Zbigniew Kuźmiuk |
| PPE | Richard Ashworth, José Manuel Fernandes, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Paul Rübig, Petri Sarvamaa, Patricija Šulin, Inese Vaidere, Tomáš Zdechovský |
| S&D | Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, Karine Gloanec Maurin, John Howarth, Vladimír Maňka, Răzvan Popa, Manuel dos Santos, Daniele Viotti, Tiemo Wölken |
| VERTS/ALE | Jordi Solé |

| 2 | - |
|---|---|
| ENF | André Elissen, Stanisław Żółtek |

| 1 | 0 |
|---|---|
| NI | Eleftherios Synadinos |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí |
| **Tagairtí** | COM(2018)0472 – C8-0267/2018 – 2018/0250(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 13.6.2018 |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>2.7.2018 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>2.7.2018 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Monika<br>Hohlmeier<br>9.7.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 3.9.2018 27.11.2018 24.1.2019 12.2.2019 |
| | 19.2.2019 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.2.2019 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 44<br>–: 10<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Malin Björk, Michał Boni, Caterina Chinnici, Agustín Díaz de Mera García Consuegra, Tanja Fajon, Laura Ferrara, Romeo Franz, Kinga Gál, Ana Gomes, Nathalie Griesbeck, Sylvie Guillaume, Monika Hohlmeier, Sophia in 't Veld, Barbara Kudrycka, Juan Fernando López Aguilar, Monica Macovei, Roberta Metsola, Claude Moraes, Péter Niedermüller, Ivari Padar, Judith Sargentini, Giancarlo Scottà, Birgit Sippel, Branislav Škripek, Csaba Sógor, Sergei Stanishev, Helga Stevens, Traian Ungureanu, Bodil Valero, Marie-Christine Vergiat, Josef Weidenholzer, Cecilia Wikström, Kristina Winberg, Tomáš Zdechovský, Auke Zijlstra |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Carlos Coelho, Pál Csáky, Miriam Dalli, Gérard Deprez, Anna Hedh, Teresa Jiménez-Becerril Barrio, Ska Keller, Jeroen Lenaers, Innocenzo Leontini, Emilian Pavel, Morten Helveg Petersen, Emil Radev, Barbara Spinelli, Jaromír Štětina |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eleonora Evi, Iris Hoffmann, Sabine Lösing, Rainer Wieland |
| **Dáta don chur síos** | 28.2.2019 |

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 44 | + |
|---|---|
| ALDE | Gérard Deprez, Nathalie Griesbeck, Sophia in 't Veld, Morten Helveg Petersen, Cecilia Wikström |
| ECR | Innocenzo Leontini, Monica Macovei, Branislav Škripek, Helga Stevens, Kristina Winberg |
| EFDD | Eleonora Evi, Laura Ferrara |
| PPE | Asim Ademov, Michał Boni, Carlos Coelho, Pál Csáky, Agustín Díaz de Mera García Consuegra, Kinga Gál, Monika Hohlmeier, Teresa Jiménez-Becerril Barrio, Barbara Kudrycka, Jeroen Lenaers, Roberta Metsola, Emil Radev, Csaba Sógor, Jaromír Štětina, Traian Ungureanu, Rainer Wieland, Tomáš Zdechovský |
| S&D | Caterina Chinnici, Miriam Dalli, Tanja Fajon, Ana Gomes, Sylvie Guillaume, Anna Hedh, Iris Hoffmann, Juan Fernando López Aguilar, Claude Moraes, Péter Niedermüller, Ivari Padar, Emilian Pavel, Birgit Sippel, Sergei Stanishev, Josef Weidenholzer |

| 10 | - |
|---|---|
| ENF | Giancarlo Scottà, Auke Zijlstra |
| GUE/NGL | Malin Björk, Sabine Lösing, Barbara Spinelli, Marie-Christine Vergiat |
| VERTS/ALE | Romeo Franz, Ska Keller, Judith Sargentini, Bodil Valero |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh